2025/1330

11.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1330 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí lísín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 23 Bealtaine 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí lísín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Metex Noovistago ([3]) ('an gearánach') isteach an 8 Aibreán 2024. Ba é tionscal lísín an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a rinne an gearán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2732 ón gCoimisiún ([4]) ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 17 Nollaig 2024, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre.

(5) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna seo.

(6) D'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí lísín de thionscnamh na Síne le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/74 ón gCoimisiún ([5]) ('an Rialachán sealadach').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) An fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí lísín de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne (IO C, C/2024/3265, 23.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3265/oj).
([3]) Fuair Grúpa Avril Metex Noovistago agus, an 16 Iúil 2024, d'athraigh sé a ainm dlíthiúil go Eurolysine.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2732 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear allmhairí lísín de thionscnamh na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L, 2024/2732, 25.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2732/oj).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/74 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí lísín de thionscnamh na Síne (IO L, 2025/74, 14.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/74/oj).

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(7) Tar éis nochtadh na bhfíoras agus na mbreithnithe fíor-riachtanacha, ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('nochtadh sealadach'), luaigh táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, dá dtagraítear sa Rialachán sealadach mar Qiqihar Longjiang Fufeng Biotechnology Co., Ltd, gur cheart a ainm a cheartú go Qiqihar Longjiang Fufeng Biotechnologies. I bhfianaise na faisnéise a chuir an chuideachta ar fáil le linn an imscrúdaithe, ghlac an Coimisiún leis an iarraidh.

(8) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte: Meihua Holdings Group Co. Ltd ('Meihua') agus Heilongjiang Eppen Biotech Co.,Ltd ('Eppen'); an gearánach, úsáideoir: Vall Companys, agus na allmhaireoirí seo a leanas: Andres Pintaluba, Dutch Protein & Services B.V., Barentz Iberia agus Kyowa Hakko Europe, na comhlachais úsáideoirí Cónaidhm Mhonaróirí Beatha na hEorpa, Cónaidhm Mhonaróirí Beatha na Spáinne (CESFAC) agus an comhlachas allmhaireoirí Comhlachas Grán agus Beatha na Danmhairge aighneachtaí i scríbhinn isteach inar cuireadh a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach.

(9) Ar an gcaoi chéanna, rinne Comhlachas Tráchtála Allmhaireoirí agus Onnmhaireoirí Miotal, Mianraí agus Ceimiceán na Síne ('CCCMC'), tar éis do cheithre tháirgeoir onnmhairiúcháin é a thabhairt de chumhacht dó ionadaíocht a dhéanamh orthu ([6]), barúlacha a chur isteach laistigh den sprioc-am.

(10) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(11) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí lísín de thionscnamh na Síne ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(12) Tar éis an nochta deiridh, chuir an gearánach, Eppen, Meihua, CCCMC, Cónaidhm Mhonaróirí Beatha na hEorpa (FEFAC), CESFAC agus Comhlachas Grán agus Beatha na Danmhairge barúlacha isteach. Tugadh aghaidh ar na barúlacha sna ranna faoi seach thíos.

1.5. **Maímh maidir le tionscnamh**

(13) D'athdhearbhaigh CCCMC a ábhair imní maidir le hachoimre neamhrúnda easnamhach, ag maíomh gur oibleagáid é ar údaráis imscrúdúcháin, a áirithiú go gcuirfidh páirtithe in imscrúdú achoimrí neamhrúnda ar fáil ar bhealach atá mionsonraithe go leor chun tuiscint réasúnta a fháil ar shubstaint na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún.

(14) D'athdhearbhaigh an Coimisiún, mar a mhínítear in aithris 12 agus 13 den Rialachán sealadach, go raibh faisnéis leordhóthanach sa ghearán a bhí ar fáil go réasúnta don ghearánach agus go raibh na tosca agus na hinnéacsanna ábhartha a raibh tionchar acu ar staid thionscal an Aontais san achoimre neamhrúnda ar an ngearán, mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ní aontaíonn an Coimisiún gur sáraíodh cearta cosanta na gcuideachtaí a ndearna CCCMC ionadaíocht orthu ag céim an tionscnaimh.

1.6. **Sampláil**

(15) In éagmais aon bharúlacha maidir le sampláil, deimhníodh na conclúidí in aithrisí 18 go 23 den Rialachán sealadach.

1.7. **Scrúdú aonair**

(16) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithris 24 den Rialachán sealadach.

([6]) Anhui BBCA BIOCHEMICAL Co., LTD, Dongxiao Biotechnology Co., Ltd., Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd agus Meihua Holdings Group Co. Ltd.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(17) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 24 go 28 den Rialachán sealadach.

1.9. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(18) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithris 29 den Rialachán sealadach.

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

(19) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh CCCMC a mhaíomh gur cheart sulfáit lísín a eisiamh ón imscrúdú agus, dá bhrí sin, gur cheart an raon táirge a theorannú do hidreaclóiríd lísín (HCl) agus lísín leachtach. Sonraíodh ann go bhfuil difríocht idir sulfáit lísín, lísín HCl agus lísín leachtach ó thaobh a saintréithe, an dearcadh atá ag tomhaltóirí orthu agus a gcáilíochta de. Go háirithe, agus páipéar taighde á lua aige, mhaígh CCCMC go bhfuil sulfáit lísín ar cháilíocht níos ísle ná lísín HCl agus go bhfuil cion níos airde d'eisíontais inti. Dá bhrí sin, d'áitigh CCCMC, murab ionann agus conclúidí an Choimisiúin in aithris 37 den Rialachán sealadach, nach bhfuil lísín HCI agus sulfáit lísín inmhalartaithe agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sulfáit lísín in iomaíocht dhíreach le lísín HCl agus lísín leachtach arna tháirgeadh ag tionscal an Aontais.

(20) Thug an Coimisiún dá aire gur thacaigh an t-airteagal a luaigh CCCMC le seasamh an Choimisiúin maidir le hidirmhalartacht. San alt rinneadh comparáid idir éifeacht an dá chatagóir mar bheatha le haghaidh ribí róibéis ([7]), rud a chruthaíonn go bhfuil cosúlacht san úsáid. San alt tugadh faoi deara sa réamhrá: 'Is foinse choiteann lísín shaoir í monaihidreaclóiríd L-lísín (L-lísín HCl), ina bhfuil 78 % lísín ar a laghad […] le cur le haistí bia éanlaithe clóis agus dobharshaothraithe. Rogha eile is ea sulfáit L-lísín.'. Agus níos faide síos sa roinn chéanna 'Ba léir go raibh éifeachtúlacht L-lísín sulfáite chomhionann le héifeachtúlacht L-lísín HCl i staidéir le sicíní agus muca'. Ós rud é go ndearnadh meastóireacht mhionsonraithe i roinnt páipéir thaighde ar na buntáistí ábhartha a bhaineann leis na foirmeacha éagsúla lena n-úsáid i mbeatha ainmhithe – agus gur thángthas ar an gconclúid go minic go raibh siad mar an gcéanna – léiríodh go soiléir go measann tomhaltóirí go bhfuil siad idirmhalartaithe agus go bhfuil siad in iomaíocht lena chéile don mhargadh céanna, i.e. beatha ainmhithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(21) Mhaígh Dutch Protein Services B.V., allmhaireoir lísín de ghrád bia, gur cheart idirdhealú a dhéanamh idir lísín atá beartaithe lena úsáid sa tionscal beatha agus lísín a úsáidtear in ullmhú táirgí lena gcaitheamh ag an duine, agus d'iarr sé nár cheart lísín a úsáidtear sa tionscal bia, agus a aicmítear faoi láthair faoi fho-cheannteideal TARIC 2922 41 00 90, a bheith faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála. Mhaígh sé nach dtéann lísín de ghrád bia in iomaíocht le lísín de ghrád beatha ainmhithe, toisc go bhfuil difríochtaí i raon feidhme lísín de ghrád bia agus beatha, rud atá sainithe go dlíthiúil freisin. Tá ciorcal táirgeoirí an dá tháirge difriúil agus tá difríocht freisin sa mheánleibhéal praghsanna idir lísín de ghrád bia agus beatha. Mhaígh an t-allmhaireoir nach bhfuil ceadúnas ábhartha ag aon cheann de tháirgeoirí lísín de ghrád beatha na Síne chun lísín de ghrád bia a tháirgeadh freisin. Tá na figiúirí díolacháin san earnáil bia i bhfad níos ísle i dtéarmaí méide, le leibhéal praghsanna i bhfad níos airde.

(22) Thug an t-allmhaireoir dá aire freisin nár tháinig an Coimisiún i dteagmháil le haon cheann de tháirgeoirí na Síne a tháirgeann lísín de ghrád bia agus chuir sé i bhfios go láidir nach dtáirgtear aon lísín de ghrád bia san Aontas agus go ndéantar an táirgeadh sin go hiomlán lasmuigh den Aontas. Mhaígh an t-allmhaireoir, dá bhrí sin, nach féidir le hallmhairí lísín de ghrád bia díobháil ábhartha a dhéanamh do thionscal an Aontais, nach mbeidh díolacháin an Aontais atá faoi bhun an chostais táirgthe ná caillteanais mhóra mar thoradh orthu agus nach mbeidh caillteanas mór méideanna díolachán agus sciar den mhargadh de thionscal an Aontais mar thoradh orthu. Mhaígh an t-allmhaireoir freisin gur sa tionscal bia a úsáidtear cód AC 2922 41 00 90 seachas sa tionscal beatha.

([7]) Jin Niu, Xu Chen, Hei-Zhao Lin, Chun-Hou Li, Kai-Chang Wu, Yong-Jian Liu1 & LiXia Tian, '*Comparison of L-lysine HCl and L-lysine sulphate in the feed of Penaeus monodon and re-evaluation of dietary lysine requirement for P. Monodon*' (2017), *48 Aquaculture Research*, imleabhar 134, le fáil ag: *Comparison of L-lysine·HCl and L-lysine sulphate in the feed of Penaeus monodon and re-evaluation of dietary lysine requirement for P. monodon - Niu - 2017 - Aquaculture Research* - Wiley Online Library.

(23) Mhaígh Kyowa Hakko Europe GmbH, allmhaireoir lísín a úsáidtear i bhfeidhmeanna cógaisíochta, cothaitheacha agus tionsclaíocha, gur le haghaidh beatha ainmhithe a tháirgtear lísín den chuid is mó, agus gur margadh nideoige deighilte é an margadh maidir le húsáid i dtáirgí cógaisíochta atá an-éagsúil ó thaobh rannpháirtithe sa mhargadh, méideanna agus praghsála de i gcomparáid leis an margadh díolacháin le haghaidh beatha ainmhithe. Tá na figiúirí díolacháin san earnáil cógaisíochta i bhfad níos ísle i dtéarmaí méide, le leibhéal praghsanna i bhfad níos airde. Thairis sin, mhaígh sé go bhfuil an margadh le haghaidh lísín HCl, a úsáidtear chun críoch cógaisíochta, ag fás rud atá contrártha don mhargadh le haghaidh lísín a úsáidtear i mbeatha. D'áitigh Kyowa Hakko Europe GmbH nár cuireadh deighilt an mhargaidh ná na praghsanna éagsúla san áireamh go leordhóthanach san imscrúdú.

(24) Mhaígh an t-allmhaireoir freisin nach bhfuil aon tásc ann gur cuireadh an táirge ar mhargadh an Aontais faoi bhun a ghnáthluacha mar thoradh ar lísín a allmhairiú lena úsáid mar chomhábhar gníomhach cógaisíochta agus, dá bhrí sin, nach ndearnadh aon díobháil do thionscal an Aontais. D'iarr Kyowa Hakko Europe GmbH ar an gCoimisiún lísín a úsáidtear san earnáil chógaisíochta a eisiamh ó raon feidhme an táirge nó, de rogha air sin, córas úsáide deiridh a chur i bhfeidhm de réir Airteagal 254 CCA faoi chuimsiú na nósanna imeachta speisialta.

(25) Tugtar aghaidh ar mhaímh Dutch Protein Services B.V. agus Kyowa Hakko Europe GmbH le chéile sna haithrisí seo a leanas.

(26) D'fhógair an Coimisiún san fhógra tionscnaimh ([8]) gur lísín agus a eistir, a salainn, atá sa táirge faoi imscrúdú, gan beann ar chur i bhfeidhm an chéanna. Mar a achoimrítear in aithris 37 den Rialachán sealadach, le linn an imscrúdaithe rinne an Coimisiún anailís ar úsáid lísín i raon leathan feidhmeanna amhail an margadh beatha, an chógaisíocht agus an bia, agus tháinig sé ar an gconclúid nach n-athraíonn an fhoirm lísín agus an cion lísín sa táirge a bhunsainmhíniú, a shaintréithe, ná an dearcadh atá ag páirtithe éagsúla ina leith. Tá an fheidhm chéanna ag na foirmeacha éagsúla lísín, i.e. lísín an-díleáite a sholáthar d'ainmhithe agus do dhaoine, i dtáirgí cógaisíochta, i mbia (mar fhorlíonadh cothaithe), nó i mbeatha. Dá bhrí sin, ní bhaineann an fhoirm lísín le hábhar, agus tá na trí fhoirm inmhalartaithe toisc gurb iad an cothaitheach céanna iad.

(27) I bhfianaise na maíomh thuas, rinne an Coimisiún anailís ar úsáid lísín i raon leathan feidhmeanna amhail an margadh beatha, an chógaisíocht agus an bia (forlíonadh cothaitheach), agus tháinig sé ar an gconclúid nach n-athraíonn an fhoirm lísín agus cion an lísín sa táirge a shainmhíniú bunúsach, a shaintréithe, ná an dearcadh atá ag páirtithe éagsúla ina leith. Cé go bhfuil na ceanglais maidir le híonacht lísín cógaisíochta agus bia níos airde, tá an fheidhm chéanna ag na foirmeacha éagsúla lísín, i.e. lísín an-díleáite a sholáthar d'ainmhithe agus do dhaoine, i dtáirgí cógaisíochta, i mbia (mar fhorlíonadh cothaithe), nó i mbeatha. Ar an mbealach sin, is mar an gcéanna lísín agus aon táirge eile a mhonaraítear agus a mhargaítear i gcineálacha éagsúla táirgí. Thairis sin, shoiléirigh an Coimisiún gur tháirg agus gur dhíol tionscal an Aontais lísín leis an earnáil cógaisíochta agus bia le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur sholáthair tionscal an Aontais an margadh beatha ainmhithe den chuid is mó, chonacthas go raibh sé in ann na margaí cógaisíochta agus bia a sholáthar freisin, ar margaí iad a bhfuil ceanglais níos déine ag baint leo ó thaobh íonacht lísín de.

(28) Maidir leis an maíomh i ndáil le cód AC, shoiléirigh an Coimisiún gur foilsíodh cód AC 2922 41 00 san fhógra tionscnaimh agus gur tháinig sé faoi raon feidhme an imscrúdaithe ón tús. Baineann an cód AC le catagóir na gceimiceán orgánach agus tá sé foroinnte i:

— TARIC 2922 41 00 20 tráth an tionscnaimh (a thagann faoi 2922 41 00 30 faoi láthair): Hidreaclóiríd L-lísín (CAS RN 657-27-2) nó tuaslagán uiscí L-lísín (CAS RN 56-87-1), ina bhfuil cion L-lísín 50 % nó níos mó de réir meáchain,

— TARIC 2922 41 00 90: Eile.

(29) Thug an Coimisiún dá aire go n-allmhairítear lísín HCl agus lísín leachtach araon, le haghaidh aon chineál úsáide, faoi na cóid TARIC sin. Dá bhrí sin, tagann salainn lísín, aicéatáit lísín agus aspartáit lísín, atá beartaithe le haghaidh úsáid chógaisíochta, faoi chód AC 2922 41 00, agus tá siad faoi réir an imscrúdaithe seo.

([8]) Féach fonóta 2.

(30) Dhiúltaigh an Coimisiún don líomhain nach raibh teagmháil déanta aige le táirgeoirí de chuid na Síne a tháirgeann lísín de ghrád bia. Go deimhin, mheabhraigh an Coimisiún, mar a shonraítear in aithris 21 den Rialachán sealadach, go ndeachaigh sé i dteagmháil le gach táirgeoir lísín aitheanta, gan beann ar an ngrád nó ar an úsáid, sa tSín agus gur iarr sé cúnamh ó Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach chun an liosta a d'úsáid sé a sheiceáil agus, más gá, e a chomhlánú. Ina dhiaidh sin, rinne sé sampláil ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin ba mhó a tháinig chun cinn, mar a leagtar amach in aithrisí 21 go 23 den Rialachán sealadach. Thairis sin, mar a luaitear in aithris 23 de na Rialacháin shealadacha, ba é an líon cuideachtaí sampláilte, seachas an cineál lísín a dhíolann na cuideachtaí sampláilte ar mhargadh an Aontais, an t-aon imní a chuir na páirtithe leasmhara in iúl maidir le sampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(31) Maidir leis an maíomh ar dhíolúine úsáide deiridh, thug an Coimisiún dá aire, sa bhreis ar na heilimintí a shonraítear faoi aithris 37 den Rialachán sealadach, gur chomhaontaigh Meihua Holdings Group Co., Ltd, ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne, gnó aimíonaigéad Kyowa Hakko Bio Co., Ltd ([9]) a fháil. Thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil an comhaontú faoi réir formheas rialála agus go meastar go dtabharfar i gcrích é sa cheathrú ráithe de 2025. Ós rud é go bhfuil Kyowa Hakko Bio Co., Ltd ar tí a bheith ina chuideachta chomhlachaithe le Meihua Holdings Group Co., Ltd faoi láthair, measann an Coimisiún nach gcomhlíontar na coinníollacha chun díolúine úsáide deiridh a leagtar síos in Airteagal 254 de Chód Custaim an Aontais ([10]) a chomhlíonadh.

(32) Ar bhonn na mbreithnithe thuas, deimhníodh aithrisí 30 go 38 den Rialachán sealadach.

3. **DUMPÁIL**

(33) Tar éis an nochta shealadaigh, thug na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte Meihua agus Eppen, CCCMC agus an gearánach barúil maidir leis na torthaí sealadacha ar an dumpáil.

3.1. **An Gnáthluach**

(34) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an ghnáthluacha in aithrisí 39 go 228 den Rialachán sealadach.

3.1.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(35) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le saobhadh nach beag a bheith ann sa tSín. Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí in aithrisí 52 go 151 den Rialachán sealadach.

3.1.2. *Tír ionadaíoch*

(36) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an toradh gur chomhlíon an Cholóim na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí. Deimhníodh na conclúidí ar thángthas orthu in aithrisí 152 go 174 den Rialachán sealadach.

3.1.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais agus tagarmharcanna a shuí*

(37) Tar éis an nochta, rinne an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte freagraí aonair a chur isteach maidir leis na foinsí a úsáideadh chun costais agus tagarmharcanna a shuí.

([9]) Meihua Bio Plans Acquisition of Kyowa Hakko Bio's Key Assets - HPACHINA. Chomh maith leis sin, https://uk.marketscreener.com/quote/stock/MEIHUA-HOLDINGS-GROUP-CO--7795036/news/MeiHua-Holdings-Group-Co-Ltd-agreed-to-acquire-Amino-acid-and-Human-Milk-Oligosaccharide-businesses-48448122/.

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

(38) Thug Eppen barúil ar an ríomh a d'úsáid an Coimisiún chun tagarmharcanna a ríomh le haghaidh seachtháirgí. Chuir siad i gcoinne úsáid an ríomha *pro rata* a d'úsáid an Coimisiún agus d'iarr siad ar an gCoimisiún praghsanna GTA a úsáid ina ionad. In Iarscríbhinn II a ghabhann leis an dara nóta maidir le tosca táirgeachta, bhí fógra tugtha ag an gCoimisiún go raibh sé d'aidhm aige GTA nó foinsí malartacha eile a úsáid i gcás seachtháirgí. In aithrisí 187 agus 188 den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún go bhfeictear éagsúlacht mhór ó thaobh cáilíochta de i measc na seachtháirgí a thuairiscigh na táirgeoirí, rud a léirítear ansin ina n-éagsúlacht sa phraghsáil, ach i ngach cás is é arbhar an príomhspreagthóir praghsanna fós. Agus anailís á déanamh aige ar na haighneachtaí ó na táirgeoirí, thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil éagsúlacht mhór ag baint le gach cód CC a dhearbhaítear le haghaidh seachtháirgí, ós rud é go dtugtar 'cóid chiseáin' orthu, lena gcumhdaítear réimse mór táirgí an-éagsúil, nach bhfuil ag teacht leis na seachtháirgí a dhearbhaítear. Agus an éagsúlacht i bpraghas an tseachtháirge féin agus éagsúlacht na dtáirgí a chumhdaítear leis na cóid á gcur san áireamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil sonraí GTA le haghaidh na gcód sin iontaofa chun tagarmharcanna a chinneadh. In éagmais sonraí eile atá ar fáil in GTA nó ó fhoinse eile, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb é an comhfhogasú is fearr ar phraghas na seachtháirgí sin cloí le cleachtas a úsáideadh cheana in imeacht frithdhumpála táirge sa chatagóir chéanna le lísín ([11]) agus ríomh *pro rata* a úsáid. Ós rud é nár chuir an táirgeoir aon fhaisnéis bhreise ar fáil a mbeadh meastachán níos iontaofa ar an tagarmharc mar thoradh uirthi, diúltaíodh dá bharúlacha.

(39) In aithrisí 176, 178 agus 196 den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún gur ríomhadh an tagarmharc le haghaidh gaile a úsáidtear i dtáirgeadh lísín ar bhoinn chostas an gháis nádúrtha. Líomhain Eppen go gceannaíonn siad gal ó chuideachta chomhlachaithe a úsáideann gual mar bhreosla agus d'iarr sé go ndéanfaí ríomh an phraghais a choigeartú ar bhonn guail ghaile.

(40) I ndáil leis sin, tugtar faoi deara nach raibh an chuideachta chomhlachaithe curtha san áireamh san fhaisnéis a chuir an grúpa Eppen isteach ina bhfreagraí ar an gceistneoir chun fíorú a cheadú le linn na cuairte ar an láthair. Níor cuireadh isteach aon fhaisnéis bhreise maidir leis an nós imeachta um tháirgeadh gaile ná fianaise lena dtugtar bunús leis an líomhain sin. Thairis sin, i gcásanna eile sa chatagóir ghinearálta chéanna táirgí (e.g. eiritríotól), bhain an Coimisiún úsáid as an tiontú ó ghás nádúrtha go gal. In éagmais fianaise, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(41) Chuir Meihua fianaise isteach agus thagair sé do thaispeántais fíorúcháin ina léirítear gur lignít (Cód CC 2702 10) agus gual fobhiotúmanach (Cód CC 2701 19) iad an gual a úsáideann Meihua Jilin agus Meihua Xingjiang, faoi seach. D'iarr Meihua ar an gCoimisiún an tagarmharc don ghual a oiriúnú chun an gual a úsáideadh a léiriú. Mhol siad praghsanna GTA a úsáid le haghaidh ligníte agus guail fhobhiotúmanaigh, nó mar mhalairt air sin praghsanna na Colóime a úsáid le haghaidh gual gaile.

(42) Chun tagarmharc a bhunú le haghaidh, d'úsáid an Coimisiún meán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí chuig gach tír de thionscnamh gach tíre seachas an tSín agus tíortha nach liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]), mar a thuairiscítear in GTA (aithrisí 178 agus 185 den Rialachán sealadach). Socraíodh an tagarmharc ar bhonn phraghas na hantraicíte (cód CC 2701 11), toisc gurbh é sin an cód a dhearbhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin ina fhreagra ar an gceistneoir. Mar sin féin, i bhfianaise na fianaise a cuireadh isteach, ghlac an Coimisiún leis an maíomh, toisc go dtugann úsáid phraghsanna GTA le haghaidh ligníte agus guail fho-bhiotúmanaigh cuntas níos cruinne ar na cineálacha guail a úsáideann grúpa Meihua. Thug an Coimisiún an tagarmharc guail le haghaidh Jilin Meihua cothrom le dáta trí úsáid a bhaint as sonraí GTA le haghaidh ligníte go CNY 0,502 in aghaidh an kg agus Xingjiang Meihua le sonraí GTA maidir le gual fobhiotúmanach go CNY 0,969 in aghaidh an kg.

(43) Níor cuireadh costais iompair san áireamh i gcinneadh an tagarmhairc guail sa rialachán sealadach toisc nár dhearbhaigh Meihua aon chostas iompair ina fhreagra ar an gceistneoir. Le linn dó anailís a dhéanamh ar na sonraí breise a chuir Meihua isteach maidir le ceannacháin ghuail a luaitear in aithris 41 thuas, thug an Coimisiún dá aire go raibh costais iompair san áireamh sna hidirbhearta nár dearbhaíodh i gceistneoirí na dtáirgeoirí, mar a cheanglaíonn an Coimisiún.

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eiritríotóil de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/1959, 19.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1959/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj).

(44) Ar bhonn na n-aighneachtaí nua, chinn an Coimisiún gurbh ionann na costais iompair agus 11,4 % de na costais cheannaigh ligníte le haghaidh Jilin Meihua agus 44,6 % de na costais cheannaigh guail fho-bhiotúmanacha le haghaidh Xingjiang Meihua. Chun an costas iomlán a ríomh, chuir an Coimisiún na céatadáin sin i bhfeidhm mar chorrlach brabúis ar na praghsanna tagarmhairc guail a dhíorthaítear ó GTA mar a mhínítear in aithris 42. Is é an toradh a bhí air sin praghas deiridh CNY 0,560 in aghaidh an kg le haghaidh na ligníte a úsáideann Jilin agus CNY 1,402 in aghaidh an kg le haghaidh an ghuail fhobhiotúmanaigh a úsáideann Xingjiang Meihua, agus costais cheannaigh san áireamh.

(45) Ina aighneacht, d'iarr Meihua go ndéanfaí athbhreithniú ar na ríomhanna maidir leis an tagarmharc le haghaidh costas saothair. Thug siad dá n-aire go raibh an tagarmharc bunaithe ar shonraí EIS maidir leis an tuilleamh míosúil don 'Earnáil leathan: Tionscal' sa Cholóim in 2023, ach léirigh na huaireanta seachtainiúla a oibríodh gníomhaíochtaí 'monaraíochta eile' sa Cholóim in 2023. Ghlac an Coimisiún leis go bhfuil earráid chléireachais ann agus rinne sé tuilleadh anailíse ar na sonraí atá ar fáil i mbunachar sonraí EIS. Shainaithin an Coimisiún san fhoinse chéanna (LFS – Suirbhé Teaghlaigh Comhtháite) tagarmharc do mheántuilleamh fostaithe in aghaidh na huaire i dtionscail cheimiceacha sa Cholóim le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is léiriú níos fearr an tagarmharc sin ar an earnáil táirgthe lísín ná tuilleamh an tionscail, ar tagarmharc é atá níos cineálaí. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún an tagarmharc sin a úsáid, arb ionann é agus 19,8 CNY/uair an chloig tar éis na ranníocaíochtaí a chur san áireamh, amhail slándáil shóisialta a luaitear in aithris 189 den Rialachán sealadach.

(46) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Meihua gurb é cleachtas an Choimisiúin tagarmharcanna amhábhar a shuí faoi threoir staitisticí allmhairiúcháin. Is praghsanna ar leibhéal CAL iad na tagarmharcanna, a bhfuil costas iompair san áireamh iontu cheana féin. Dá réir sin, rinne an Coimisiún earráid agus an mharcáil suas le haghaidh costais iompair á gcur leis agus na tagarmharcanna maidir le lignít agus gual fobhiotúmanach (aithris 44) á suí aige.

(47) D'aontaigh an Coimisiún go bhfuil na tagarmharcanna idirnáisiúnta de CNY 0,502 in aghaidh an kg le haghaidh ligníte agus CNY 0,969 in aghaidh an kg le haghaidh gual fobhiotúmanach ar leibhéal praghsanna CAL agus go bhfuil costais iompair chuig an teorainn san áireamh ann. Mar sin féin, is é cleachtas comhsheasmhach an Choimisiúin costais iompair ón teorainn chuig geata na monarchan a chur san áireamh agus an gnáthluach á ríomh. Áirítear i ríomh an ghnáthluacha méadú ar luach an tagarmhairc idirnáisiúnta de réir chóimheas na gcostas iompair le costais ábhar, mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Ní léirítear i gceart luach na n-ábhar ionchuir, mar a sheachadtar chuig geata monarchan táirgeora sa tír ionadaíoch iad, ach amháin trí na costais sin a chur leis. Chuige sin, chuir an Coimisiún na cóimheasa i bhfeidhm mar a fuarthas ó fhreagraí ceistneora Meihua. Ós rud é gur lean an Coimisiún an mhodheolaíocht bhunaithe, díbhtear iarraidh Meihua an uasmharcáil iompair a bhaint agus níor tháinig aon athrú ar na ríomhanna a nochtadh do Meihua agus ar na corrlaigh dhumpála a tháinig astu.

(48) Thug Eurolysine barúlacha freisin maidir le ríomh na dtagarmharcanna guail. Chuir siad i gcoinne athrú an tagarmhairc do lignít agus do ghual fobhiotúmanach, á rá nár cheart don Choimisiún an tagarmharc bunaidh a bhí bunaithe ar antraicít a leasú, toisc nár iarr Meihua athrú ar thagarmharcanna guail go dtí tar éis nochtadh sealadach. Thug an Coimisiún dá aire go bhféachann sé i gcónaí teacht ar a chonclúidí ar bhonn fíorais chearta agus ar bhonn na sonraí is fearr atá ar fáil. Mar a luaitear in aithris 41, bhí an Coimisiún in ann a chonclúidí a bhunú ar shonraí a cuireadh isteach cheana agus a fíoraíodh le linn na cuairte fíorúcháin ar an láthair ar mhonarcha Meihua (féach aithris 28 den Rialachán sealadach), agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé glacadh le haighneacht Meihua maidir leis na cineálacha guail a úsáideann cuideachtaí an ghrúpa. Dá bhrí sin, diúltaíodh don bharúil.

(49) Thairis sin, chuir Eurolysine i gcoinne úsáid na dtagarmharcanna idirnáisiúnta le haghaidh guail agus luaigh sé go n-imíonn an cur chuige sin ón gcur chuige a chuirtear i bhfeidhm sa Rialachán sealadach. Thug siad barúil freisin nach ndearna an Coimisiún allmhairí isteach sa tSín a chur san áireamh i ríomh na dtagarmharcanna. Tá an dá bharúil mícheart go fíorasach. D'úsáid an Coimisiún tagarmharc idirnáisiúnta le haghaidh antraicíte mar a fheictear in aithris 185 den rialachán sealadach. Rinne an Coimisiún allmhairí isteach sa tSín a chur san áireamh mar is féidir a fheiceáil sa leagan oscailte de na ríomhanna tagarmhairc guail a soláthraíodh i gcomhthéacs an nochta deiridh ([13]). Dá bhrí sin, diúltaíodh do na barúlacha.

(50) Thug Eurolysine barúil freisin go bhfuil earráid chléireachais i gcur san áireamh na gcostas iompair a dtugtar tuairisc uirthi in aithris 44 inar moladh modh ríofa malartach don uasmharcáil iompair. Mar a mhínítear in aithris 47, bhí ríomh na marcála suas ag cloí go docht le modheolaíocht an Choimisiúin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don bharúil.

([13]) t25.004917.

(51) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Eppen a iarraidh go ndéanfaí an tagarmharc le haghaidh gaile a ríomh ar bhonn ligníte seachas ar bhonn gáis, mar a leagtar amach in aithris 195 den Rialachán sealadach. Mhaígh siad gur cheannaigh siad an ghail ó chuideachta chomhlachaithe 'Eppen Energy' a tuairiscíodh don Choimisiún agus ar cheart é a bheith mar chuid den chuairt fíorúcháin. Cuireann siad seatanna scáileáin de chóras cuntasaíochta na cuideachta comhlachaithe faoi bhráid an Choimisiúin, ina dtaispeántar go bhfuil lignít ina ábhar den táirgeadh gaile. Tugann an Coimisiún dá aire nár cuireadh aon sonraí maidir le húsáid guail i láthair le linn na cuairte fíorúcháin. Tar éis an dara nóta maidir le tosca táirgeachta, bhí roinnt deiseanna ag Eppen faisnéis a chur i láthair maidir le húsáid guail – agus maidir le cáilíocht shonrach an ghuail – chun gal a tháirgeadh. Níor cuireadh aon sonraí i láthair roimh an gcéim chinntitheach agus ní féidir na sonraí a cuireadh isteach tráth an nochta deiridh a fhíorú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(52) In éagmais barúlacha eile, tar éis an tagarmharc maidir le saothar dá dtagraítear in aithris 38 thuas a thabhairt cothrom le dáta agus na hathruithe a rinneadh ar an tagarmharc guail ar a dtugtar achoimre in aithris 42 thuas, deimhníodh na torthaí maidir leis an ngnáthluach mar a leagtar amach in aithrisí 39 go 208 den Rialachán sealadach. Ar mhaithe le soiléireacht, cuirtear na rónna seo a leanas in ionad na rónna 'Saothar' agus 'Gual' de Thábla 1 den Rialachán sealadach:

'Tábla 1

Tosca táirgeachta lísín

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse sonraí	Luach (CNY)	Aonad tomhais
Saothar				
Saothar	[Neamhbhainteach]	EIS	19,8	Uair Saothair
Fuinneamh				
Gual fo-bhiotúmanach	2701 19	GTA	0,969	Kg
Lígnít	2702 10	GTA	0,502	Kg'

3.2. **An praghas onnmhairiúcháin**

(53) In éagmais barúlacha maidir le ríomh an phraghais onnmhairiúcháin, deimhníodh aithrisí 209 go 212 den Rialachán sealadach.

3.3. **Comparáid**

(54) Mar a mhínítear in aithris 218 den Rialachán sealadach, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin i gcás inar díoladh táirgí ón gcuideachta táirgeoirí le cuideachtaí eile sa ghrúpa céanna agus inar onnmhairíodh chuig an Aontas iad ina dhiaidh sin, de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán maidir leis an uasmharcáil a fuair an trádálaí comhlachaithe, aon uair a measadh go gcomhlíonann na trádálaithe feidhmeanna atá comhchosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. D'iarr Meihua ar an gCoimisiún costais SGA agus ranníocaíocht bhrabúis na gcuideachtaí trádála comhlachaithe a eisiamh ó ríomh an onnmhairiúcháin ag maíomh nach gcomhlíonann siad feidhm gníomhaire. Mhaígh siad go bhfuil cuideachtaí uile de chuid Meihua Group (eintitis táirgthe agus eintitis trádála araon) faoi réir rialú eacnamaíoch aonair, go n-oibríonn siad le chéile mar ghnóthas aonair, agus roinnt feidhmeanna acu chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh agus a thrádáil, agus nach n-eagraítear a gcaidreamh ar bhonn caidreamh tráchtála, cosúil le caidreamh gníomhaireachta agus nach bhfuil siad faoi réir bonn coimisiúin ar bhealach eile.

(55) Thug an Coimisiún dá aire go maidir leis sna freagraí ar an gceistneoir a chuir Meihua isteach, agus go háirithe sa 'Sreabhchairt Fhisiciúil agus Airgeadais de Dhíolacháin Onnmhairiúcháin', gur mar 'thrádálaithe' a cháilítear na cuideachtaí trádála agus go léiríonn siad go bhfuil caibidlíocht ann idir na cuideachtaí táirgthe agus na trádálaithe.

(56) Comhthacaítear a thuilleadh leis an bhfíoras go ngníomhaíonn cuideachtaí trádála mar ghníomhairí atá ag obair ar bhonn coimisiúin trí chonarthaí díolacháin a bheith ann idir an dá thrádálaí agus na monarchana. Níos tábhachtaí fós, tá clásail sa chonradh ceannaigh idir Meihua HQ agus Jilin Meihua atá, faoi seach, clásal dliteanais agus clásal maidir le díospóidí a réiteach go cairdiúil nó má theipeann air sin, os comhair cúirte. Ós rud é go bhfuil ann don fhianaise sin, cuirtear bac ar chuideachtaí Meihua atá lonnaithe sa tSín a shaintréithriú mar eintiteas eacnamaíoch aonair. Mar a tugadh faoi deara leis an gcásdlí, má tá clásal eadrána ann a bhfuil sé beartaithe leis díospóidí conarthacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir an dá chuideachta chonarthacha a réiteach, mar aon leis an easpa dlúthpháirtíochta idir na cuideachtaí sin, glactar leis ní hamháin gur ann do bheirt daoine dlítheanacha ar leith, ach gur ann do dhá eintiteas eacnamaíocha a bhfuil leasanna éagsúla acu freisin, agus ní cosúil go bhfuil sé inréitithe le heintiteas eacnamaíoch aonair a bheith ann agus le haicmiú ceann de na cuideachtaí sin mar roinn inmheánach díolacháin ([14]). Is mó is infheidhme é sin i gcás Meihua HK, fochuideachta atá lonnaithe i Hong Cong, ar críoch chustaim é atá ar leithligh ón tSín, agus arb é 'trádáil' an t-aon ghníomhaíocht atá aige mar a áitíonn Meihua, agus a dhéanann téarmaí a chaibidliú leis na monarchana agus a shíníonn conarthaí ábhartha. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Meihua agus dheimhnigh sé na conclúidí a leagtar amach in aithris 218 den Rialachán sealadach.

(57) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Meihua a mhaímh maidir le stádas eintitis eacnamaíoch aonair chuideachtaí Meihua, ach níor chuir sé aon fhaisnéis nua isteach ina leith sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh dá mhaíomh.

(58) Thug Eppen barúil freisin tar éis an nochta deiridh, maidir le stádas Eppen Asia. D'iarr Eppen nach measfaí gur eintiteas ar leithligh é Eppen Asia, agus nach ndéanfaí aon asbhaintí le haghaidh brabúis agus costais SGA chun teacht ar an bpraghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha. Mhaígh Eppen gur cuideachta chaoch é Eppen Asia nach bhfuil aon oibríocht shubstainteach aige, agus nach bhfuil sé ag gníomhú mar ghníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin.

(59) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur luaigh Eppen ina aighneacht tar éis an nochta deiridh gur cinneadh praghas na ndíolachán ó Heilongjiang Eppen le Eppen Asia trí chorrlach beag de phraghas deiridh an phraghais deiridh a asbhaint ó na custaiméirí neamhspleácha, arb é sin go díreach atá i gceist le coimisiún. Thairis sin, i gceann de na conarthaí a chuir Eppen isteach agus a luaitear ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, áirítear clásail dliteanais agus eadrána maidir le díospóidí a réiteach go cairdiúil nó, má theipeann air sin, os comhair Choimisiún Idirnáisiúnta Eadrána Eacnamaíochta agus Trádála na Síne i gcomhréir le forálacha an Choimisiúin sin. Mar gheall ar an bhfianaise sin a bheith ann, cuirtear bac ar shaintréithriú Eppen Asia mar chuid d'eintiteas eacnamaíoch aonair. Mar a luaitear freisin in aithris 56, de réir cásdlí, má tá clásal eadrána ann lena mbeartaítear díospóidí conarthacha a réiteach a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir an dá chuideachta chonarthacha agus easpa dlúthpháirtíochta idir na cuideachtaí sin, glactar leis ní hamháin go bhfuil beirt daoine dlítheanacha ar leith ann, ach go bhfuil dhá eintiteas eacnamaíocha ann freisin a bhfuil leasanna éagsúla acu. Dá bhrí sin, ní cosúil go bhfuil sé ag teacht le heintiteas eacnamaíoch aonair a bheith ann agus le haicmiú ceann de na cuideachtaí sin mar roinn inmheánach díolacháin. Is mó is infheidhme é sin i gcás Eppen Asia, fochuideachta atá lonnaithe i Singeapór, ar tír ar leith é. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Eppen agus dheimhnigh sé na conclúidí a leagtar amach in aithris 218 den Rialachán sealadach.

(60) Ar deireadh, mhaígh Eppen go gcruthaíonn liosta na bhfostaithe nach bhfuil feidhmeanna díolacháin ag Eppen Asia toisc nach bhfuil aon phearsanra ag a bhfuil feidhmeanna díolacháin ina dteidil post. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire go luaitear go soiléir i gconarthaí fostaíochta arna dtíolacadh ag Eppen 'go mbeidh sé de cheart ag an gCuideachta an fostaí a ordú chun seirbhísí a dhéanamh le haghaidh aon cheann de na seirbhísí gaolmhara nach luaitear sa phost seo'. Ar bhonn an mhéid thuas, diúltaítear don mhaíomh maidir le stádas mar eintiteas eacnamaíoch aonair.

(61) Thug Meihua agus Eppen barúil maidir le modheolaíocht an Choimisiúin agus ranníocaíocht chostais SGA á ríomh chun an gnáthluach a ríomh agus, dá bhrí sin, an chomparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar leibhéal díreach ón monarcha. Is leanúint iad na barúlacha sin de na barúlacha a dtugtar aghaidh orthu in aithrisí 219 go 222 den Rialachán sealadach.

([14]) Féach mar shampla Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2024, *Sveza Verkhnyaya Sinyachikha NAO agus páirtithe eile v An Coimisiún Eorpach*, T-2/22, ECLI:EU:T:2024:615, mír 57.

(62) Ina aighneacht tar éis na mbeart sealadach, thug Eppen dá aire go bhfuil trí ghné i gcostais SGA na cuideachta Colóime Sucroal a d'úsáid an Coimisiún chun an gnáthluach a ríomh: Costais dáileacháin, costais riaracháin agus 'costais eile'. Maíonn Eppen go gcomhfhreagraíonn na 'costais dáileacháin' d'eilimintí costais ar speansais dhíreacha iad a thabhaítear thar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha. Dá réir sin, níor cheart iad a chur san áireamh agus gnáthluach ríofa na cuideachta atá faoi imscrúdú á ríomh. Tugann an Coimisiún dá aire nár sholáthair Eppen aon fhianaise maidir le miondealú na gcostas dáileacháin, chun tacú leis an maíomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(63) Ar an gcaoi chéanna, mhaígh Meihua gur chuir an Coimisiún costais dáileacháin san áireamh go mícheart sa chóimheas costais SGA ríofa, agus ag an am céanna gur asbhain sé na costais sin ó ríomh phraghas onnmhairiúcháin Meihua Group. Tá maíomh Meihua ag brath ar an toimhde amháin go bhfuil an miondealú ar chostais SGA Sucroal a bhaineann le 'costais dáileacháin' ar aon dul le costais amhail láimhseáil agus luchtú, lasta, agus costais choimhdeacha eile a asbhaineadh ón bpraghas onnmhairiúcháin chun é a thabhairt chuig leibhéal an phraghais díreach ón monarcha. Mar sin féin, ní thacaíonn aon fhianaise ar comhad leis an toimhde sin.

(64) Maidir leis an dá mhaíomh, tugann an Coimisiún dá aire gur cuid de chostais SGA iad na 'costais dáileacháin' arna dtuairisciú ag Sucroal. Léirítear é sin leis an bhfíoras go ndéantar 'costais eile' a thuairiscítear i mbunachar sonraí Orbis a dhí-chomhiomlánú ina 'gcostais dáileacháin', 'costais riaracháin' agus 'costais eile' sna sonraí arna soláthar ag údaráis na Colóime. Leis na sonraí atá ar fáil, ní dhéantar idirdhealú breise laistigh de na costais dáileacháin lena bhféadfaí catagóirí sonracha costas a shainaithint agus a eisiamh. Dá réir sin, is costais díola iad costais dáileacháin, a bhféadfadh costais iompair a bheith san áireamh leo, ach catagóirí eile costas freisin, amhail saoráidí stórála agus dáileacháin a léasú, lena n-áirítear an t-innealra agus na feithiclí is gá, nó fógraíocht agus taighde margaidh, ar costais iad nár asbhaineadh ón bpraghas onnmhairiúcháin.

(65) Mhaígh Meihua freisin gur ar an gCoimisiún a thiteann an dualgas cruthúnais toisc nach mór dó a chruthú gur úsáid sé méid 'neamhshaofa agus réasúnach' de chostais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh brabúis, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Tugadh aghaidh ar na maímh sin in aithris 220 den Rialachán sealadach. San aighneacht is déanaí, mhaígh Meihua freisin gur cheart don Choimisiún glacadh leis go bhfuil an dualgas cruthúnais air trí thagairt a dhéanamh do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/58 ón gCoimisiún ([15]) lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí aerbhonn áirithe de thionscnamh na Síne.

(66) Thug an Coimisiún dá aire, in aithris 267 de Rialachán (AE) 2025/58, nár thug an Coimisiún aghaidh ach ar an gceist maidir le hoiriúnacht na gcostas SGA ar bhealach ginearálta, á rá '*nach cosúil go raibh costais SGA agus brabús díréireach ard agus, dá bhrí sin, gur measadh go raibh siad iomchuí*'. Maidir le faisnéis mhionsonraithe faoi chostais SGA, tugann an Coimisiún dá aire, i gcás aerbhonn, mar a leagtar amach in aithrisí 270 agus 271 de Rialachán cur chun feidhme (AE) 2025/58, gur dhealaigh an Coimisiún costais iompair ó ríomh na gcostas SGA chun é a thabhairt chuig leibhéal an phraghais díreach ón monarcha, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil i ráitis airgeadais na cuideachta. I gcás Sucroal, áfach, ní raibh aon fhaisnéis mhionsonraithe den sórt sin ar fáil go héasca, ná níor chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin (Eppen agus Meihua) ar fáil í chun go mbeadh an Coimisiún in ann costais iompair a dhealú.

(67) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Meihua agus Eppen araon a maímh maidir le modheolaíocht an Choimisiúin agus ranníocaíocht chostais SGA á ríomh agus an gnáthluach á ríomh, ach níor chuir siad aon fhaisnéis nua isteach. Dá bhrí sin, diúltaíodh dá maímh.

(68) In éagmais aon fhaisnéis bhreise a d'fhágfadh go bhféadfaí costais áirithe a eisiamh ó ríomh chostais SGA, mheas an Coimisiún go bhfuil leibhéal chostais SGA Sucroal neamhshaofa agus réasúnta le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha agus dhiúltaigh sé do na maímh a fuarthas. In éagmais barúlacha eile maidir le 'Comparáid', deimhníodh aithrisí 213 go 222 den Rialachán sealadach.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/58 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/58, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/58/oj), aithrisí 262 agus 269-271.

3.4. **Corrlaigh dhumpála**

(69) Mar a shonraítear in aithris 52 thuas, tar éis maímh a fháil ó pháirtithe leasmhara agus in éagmais aon bharúil bhreise, rinne an Coimisiún na corrlaigh dhumpála a athríomh.

(70) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den phraghas costais, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)
Meihua Group: — Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd — Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd	47,7
Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd	58,2
Cuideachtaí comhoibríocha eile	53,1
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	58,2

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(71) In éagmais barúlacha maidir le cinneadh thionscal an Aontais agus tháirgeadh an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí 229 go 231 den Rialachán sealadach.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(72) Bhí tionchar ag an athbhreithniú ar shonraí allmhairiúcháin na Síne le haghaidh lísín sa tréimhse imscrúdúcháin, mar a mhínítear in aithrisí 79 go 82 agus a léirítear i dTábla 3 athbhreithnithe, ar Thábla 2 den Rialachán sealadach. Is mar a leanas atá Tábla cinntitheach 2:

'Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí i gcoibhéis HCl)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[465 000 – 510 000]	[470 000 – 515 000]	[450 000 – 495 000]	[410 000 – 450 000]
Innéacs	*100*	*102*	*97*	*86*

Foinse: Eurostat (lísín HCl, lísín leachtach, sulfáit lísín 2023), Faisnéis mhargaidh speisialaithe (*) (sulfáit lísín 2020-2022).

(*) Sonraítear an fhaisnéis mhargaidh speisialaithe in aithris 237 den Rialachán sealadach.'

(73) I gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 14 pointe céatadáin ar thomhaltas an Aontais.

(74) In éagmais barúlacha maidir le tomhaltas an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí mar a leagtar amach in aithrisí 234 go 236 den Rialachán sealadach.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

(75) In aithrisí 237 agus 238 den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún, ionas nach gcuirfear táirgí eile san áireamh go míchuí, gur tháinig na sonraí allmhairiúcháin maidir le sulfáit lísín a d'úsáid sé ó sholáthraithe faisnéise margaidh speisialaithe de staitisticí trádála na Síne agus na hIndinéise. Níorbh fhéidir an fhoinse bheacht a nochtadh ar iarraidh ón soláthraí sonraí, ach bhí an Coimisiún in ann na sonraí sin a chros-seiceáil.

(76) Tar éis an nochta, d'áitigh CESFAC agus Vall Companys, mar gheall ar chinneadh an Choimisiúin gan foinse na sonraí allmhairiúcháin le haghaidh sulfáit lísín a nochtadh, nach mór do pháirtithe leasmhara glacadh leis na sonraí sin mar atá siad. Ina theannta sin, mhaígh siad nach ndearna an Coimisiún ná Eurolysine an mhodheolaíocht a d'úsáid na soláthraithe ná na coigeartuithe a rinneadh ina dhiaidh sin ar na sonraí onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a leagan amach chun go bhféadfaí allmhairí sulfáite lísín a shainaithint i bhfianaise a n-aicmithe i gcóid AC 'ciseán'.

(77) Chuir CESFAC agus Vall Companys figiúirí athbhreithnithe isteach maidir le lísín allmhairithe ón tSín, ag baint úsáid as sonraí Eurostat le haghaidh allmhairí lísín HCl agus sonraí allmhairithe sulfáite lísín a fuair siad ó Kemiex, soláthraí faisnéise margaidh a leanann slabhraí soláthair amhábhar riachtanacha. Le sonraí comhcheangailte Eurostat agus Kemiex léiríodh méid allmhairí Síneacha de 296 869 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, méid atá 11 % níos ísle ná na 329 052 tona a d'fhoilsigh an Coimisiún i dTábla 3 den Rialachán sealadach. Thug CESFAC agus Vall Companys Group dá n-aire, ina ríomh athbhreithnithe, gur fhan allmhairí lísín ón tSín réasúnta cobhsaí i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann, tháinig laghdú orthu ó 2020 go 2022 agus ag téarnamh ó 2022 go 2023. Ar an iomlán, níor tháinig ach méadú 6 % ar allmhairí ón tSín ó 2020 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid leis an 8 % a thuairiscigh an Coimisiún agus tháinig méadú 9 % seachas 15 % orthu ó 2022 go 2023.

(78) Ar an gcaoi chéanna, mhaígh CCCMC nár léirigh an Coimisiún gur tháinig méadú nach beag ar allmhairí dumpáilte ón tSín, i ndearbhthéarmaí, nó i gcoibhneas le tomhaltas nó táirgeacht, á rá nach bhfuil méadú 8 % ar mhéid na n-allmhairí mór. Chuir sé staitisticí onnmhairiúcháin oifigiúla na Síne isteach le haghaidh lísín HCl inar léiríodh laghdú foriomlán 14 % ar mhéideanna onnmhairithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú idir 2021 agus 2022, agus laghdú breise 16 % idir 2022 agus 2023 (tréimhse imscrúdúcháin). Chuir CCCMC sonraí allmhairiúcháin Eurostat isteach le haghaidh sulfáit lísín (AC 2309 90 31, agus 2309 90 96) le haghaidh na tréimhse faoi bhreathnú chun laghdú ar na méideanna allmhairithe chuig an Aontas a léiriú, agus mhaígh sé nach ndearna an Coimisiún measúnú ceart ar na méideanna allmhairí lísín agus ar iomlán na dtreochtaí a chonacthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(79) Sa Rialachán sealadach, chuir an Coimisiún sonraí allmhairiúcháin i bhfeidhm le haghaidh sulfáit lísín ó fhaisnéis mhargaidh speisialaithe le haghaidh na tréimhse iomláine faoi bhreathnú chun comhsheasmhacht a áirithiú le haghaidh sulfáit lísín, cé gur cruthaíodh cód AC ar leithligh le haghaidh sulfáit lísín in 2023. I bhfianaise argóint CESFAC maidir le méid allmhairithe sulfáite lísín ón tSín don tréimhse imscrúdúcháin, rinne an Coimisiún athmheasúnú ar an staid. I bhfianaise cód AC ar leithligh a bheith ar fáil le haghaidh sulfáit lísín ó 2023 ar aghaidh, tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé níos iomchuí na sonraí allmhairiúcháin ó Eurostat a úsáid le haghaidh an chineáil táirge sin le haghaidh na bliana sin, toisc gurb iad na sonraí sin na sonraí is iontaofa. I gcás na mblianta roimhe sin, ós rud é gur allmhaíríodh sulfáit lísín faoi chóid chiseáin agus nach raibh sonraí Eurostat ar fáil le haghaidh sulfáit lísín amháin, agus go ndearnadh gannráiteas ar shonraí Kemiex a chuir CESFAC isteach i gcomparáid le staitisticí allmhairiúcháin Eurostat le haghaidh sulfáit lísín le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mheas an Coimisiún go raibh na sonraí allmhairiúcháin ón bhfaisnéis mhargaidh speisialaithe a d'úsáid sé ag an gcéim shealadach fós ar an bhfoinse is iontaofa.

(80) Thug an Coimisiún dá aire, thairis sin, go raibh tásca soiléire ann go raibh lochtanna tromchúiseacha sna sonraí Kemiex a d'úsáid CESFAC, toisc, mar a thug an gearánach faoi deara freisin, gur admhaigh CESFAC le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin (2023) go raibh méid measta na n-onnmhairí sulfáite lísín ón tSín, i.e. 31 205 tona, níos ísle ná an cuóta is infheidhme, rud a dheimhnigh an Coimisiún a bheith ídithe an 6 Deireadh Fómhair 2023. Mheabhraigh an Coimisiún gur bhain CESFAC úsáid as faisnéis speisialaithe mhargaidh le haghaidh slabhraí soláthair amhábhar fíor-riachtanach, seachas bunachar sonraí allmhairiúcháin/onnmhairiúcháin.

(81) Bhí na sonraí a chuir CESFAC ar fáil 5 % níos ísle ná sonraí allmhairiúcháin Eurostat le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin, rud a dheimhnigh go bhfuil ganniontráil déanta ar mhéideanna na n-allmhairí de réir Kempiex.

(82) I bhfianaise na staitisticí allmhairiúcháin cothrom le dáta, mar a shonraítear in aithris 79 thuas, déantar Tábla 3 den Rialachán sealadach a athbhreithniú mar a leanas:

Tábla 3

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí ón tSín (tonaí)	304 015	294 812	285 083	313 449

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin
Innéacs	*100*	*97*	*94*	*103*
An sciar den mhargadh (%)	[60 –69]	[49 –63]	[59 –69]	[70–79]
Innéacs	*100*	*96*	*96*	*120*

Foinse: Eurostat (lísín HCl, lísín leachtach, sulfáit lísín 2023), Faisnéis mhargaidh speisialaithe (sulfáit lísín 2020-2022).'

(83) Shuigh an Coimisiún gur tháinig méadú 3 % ar na hallmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus gur tháinig méadú ar sciar margaidh na n-allmhairí sin ó [60 %-69 %] in 2020 go [70 %-79 %] le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí sciar ceannasach fós ag allmhairí ón tSín ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tharla an méadú foriomlán ar mhéideanna allmhairithe tráth ar tháinig laghdú 14 % ar thomhaltas lísín an Aontais, rud a d'fhág gur tháinig méadú 20 % ar an sciar den mhargadh. Ar an mbonn sin, diúltaíonn an Coimisiún don mhaíomh nár tháinig méadú mór ar allmhairí dumpáilte ón tSín.

(84) Maidir leis an maíomh i ndáil le láimhseáil neamh-thrédhearcach na foinse sonraí allmhairiúcháin le haghaidh sulfáit lísín idir 2020-2022, mhínigh an Coimisiún in aithrisí 98 go 101 thíos cén fáth ar mheas sé go raibh údar le gan an fhaisnéis speisialaithe mhargaidh a nochtadh.

(85) Shonraigh an gearánach gurbh é cuspóir aighneacht thionscal lísín an Aontais dar dáta an 7 Samhain 2024 maidir le sulfáit lísín sonraí níos cruinne a sholáthar. Rinneadh an aighneacht sin ar bhealach iomlán trédhearcach, agus bhí an deis ag na páirtithe leasmhara uile rochtain a fháil ar na sonraí agus iad a sheiceáil, lena n-áirítear an miondealú idir na cineálacha éagsúla lisín. Ós rud é go bhfuil líon na soláthraithe speisialaithe faisnéise margaidh teoranta, níor nocht an gearánach an fhoinse.

(86) Mhaígh CCCMC nach ndearna an Coimisiún measúnú dícheallach ar na rátaí tiontaithe idir lísín HCl, lísín leachtach agus sulfáit lísín, agus é ag áitiú nár chuir an Coimisiún fianaise ar fáil chun tacú le cruinneas an chomhshó. Thug CCCMC faoi deara go bhfuil sulfáit lísín ar fáil i gcineál leachtach freisin. Tá 25 % lísín sna foirmeacha leachtacha agus tá thart ar 50 % sna foirmeacha soladacha. Mar thoradh air sin, d'áitigh CCCMC go bhfuil na figiúirí allmhairiúcháin a chuir an Coimisiún i láthair mícheart agus boilscithe agus nach dtugann siad léargas ar an gcaoi ar chuir an Coimisiún rátaí comhshó i bhfeidhm maidir le allmhairí faoi chód AC 2922 41 00, lena gcumhdaítear lísín HCl agus lísín leachtach araon.

(87) Mhaígh CCCMC freisin nár sholáthair Coimisiún mínithe réasúnaithe agus leordhóthanacha maidir leis an bhfianaise nach dtáirgtear sulfáit lísín ach amháin sa tSín agus san Indinéis agus nach ndearna sé anailís díobhála dheighilte trí idirdhealú a dhéanamh idir lísín HCl, lísín leachtach agus sulfáit lísín.

(88) Bhailigh an Coimisiún fianaise ar leibhéal na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne nach n-onnmhairíonn cuideachtaí na Síne ach lísín HCl (cion 78 % de lísín sa táirge) agus sulfáit lísín (cion 55 % lísín sa táirge), i.e. leis an gcion lísín a úsáidtear sna rátaí tiontaithe chun sulfáit lísín a thiontú go coibhéis lísín HCl. D'athdhearbhaigh an Coimisiún go mínítear na rátaí sin in aithris 234 den Rialachán sealadach. Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil siad bunaithe ar chomhdhéanamh ceimiceach agus maiseanna móilíneacha na dtáirgí atá ar fáil go poiblí agus atá aitheanta agus gur fíoraíodh iad le linn na gcuairteanna ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Thairis sin, baineann na húsáideoirí úsáid as luachanna nochta an chion lísín agus níl agóid déanta ag allmhaireoirí ná úsáideoirí ina leith. Ba iad táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus na hIndinéise agus iad sin amháin na honnmhaireoirí aitheanta de shulfáit lísín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Níor thug aon cheann de na páirtithe leasmhara aon fhianaise i gcoinne an dearbhaithe sin. Maidir leis an anailís díobhála dheighilte, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris 37 den Rialachán sealadach nach mbaineann an cineál lísín le hábhar toisc go bhfuil na trí fhoirm uile (HCl, leacht agus sulfáit) idirmhalartaithe toisc gurb iad an cothaitheach céanna iad a bhfuil an fheidhm chéanna acu. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin in aithris 27 thuas nach n-athraíonn an úsáid atá beartaithe le haghaidh lísín, an fhoirm lísín ná an cion lísín sa táirge a shainmhíniú bunúsach, a shaintréithe, ná an dearcadh atá ag páirtithe éagsúla ina leith. Dá bhrí sin, níor ghá anailís díobhála dheighilte a dhéanamh. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(89) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh CCCMC gur dheonaigh an Coimisiún rúndacht iomarcach do shonraí allmhairiúcháin sulfáite lísín agus d'fhoinse na sonraí. Ar an gcéad dul síos, líomhain CCCMC nár nocht an Coimisiún sonraí ar leithligh maidir le hallmhairí sulfáite lísín ón tSín, agus nár nocht sé ach allmhairí comhdhlúite amháin a bhí tiontaithe go lísín HCl cheana féin.

(90) Mhínigh an Coimisiún sa Rialachán sealadach (aithris 37) go bhfuil gach foirm lísín idirmhalartaithe toisc gurb iad na cothaithigh chéanna iad, agus go bhfuil bun-saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha comhchosúla acu. Cé gur fhoilsigh an Coimisiún sonraí maidir le hallmhairí comhdhlúite a tiontaíodh go lísín HCl, mhínigh an Coimisiún freisin sa Rialachán sealadach nach n-allmhairítear ach lísín HCl agus sulfáit lísín ón tSín. Fuarthas na sonraí maidir le hallmhairí lísín HCl ó Eurostat. Dá bhrí sin, is féidir méideanna tiontaithe HCl d'allmhairí sulfáite lísín a ríomh tríd an bhfachtóir coinbhéartachta 0,705 tona sulfáite lísín a chur i bhfeidhm ar choibhéis HCl mar a thuairiscítear in aithris 234 den Rialachán sealadach. Diúltaítear don mhaíomh sin.

(91) Ar an dara dul síos, líomhain CCCMC nár léirigh an Coimisiún go gciallódh nochtadh fhoinse na sonraí allmhairiúcháin maidir le sulfáit lísín agus na sonraí allmhairiúcháin féin, de réir cosúlachta, 'go mbeadh buntáiste mór iomaíochta ann d'iomaitheoir' nó go mbeadh 'éifeacht dhíobhálach shuntasach aige ar dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis nó ar dhuine óna bhfuair an duine sin an fhaisnéis', agus é ag maíomh gur cheart go mbeadh rochtain ag onnmhaireoirí Síneacha ar an bhfaisnéis sin, toisc go mbaineann sí lena n-allmhairí.

(92) Mhínigh an Coimisiún in aithris 238 den Rialachán sealadach nárbh fhéidir foinse na sonraí a bhaineann leis na hallmhairí ón tSín a nochtadh arna iarraidh sin don soláthraí sonraí. Mhínigh an Coimisiún freisin in aithris 99 thíos cén fáth ar mheas sé gur leor na sonraí maidir le hallmhairí sulfáite lísín ón tSín a nochtadh gan tionscnamh na sonraí sin a nochtadh. D'áitigh an Coimisiún gur nochtadh na sonraí allmhairiúcháin maidir le sulfáit lísín (aithris 82 thuas) agus gur sárú ar choinníollacha an tsoláthraí sonraí foinse a bheadh ann foinse na sonraí sin a nochtadh.

(93) Ar an tríú dul síos, tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CCCMC nach ndearna an Coimisiún anailís díobhála dheighilte lena ndéantar idirdhealú idir lísín HCl, lísín leachtach agus sulfáit lísín, agus mhaígh sé nach bhfuil na foirmeacha lísín idirmhalartaithe agus go raibh na sonraí ba ghá ag an gCoimisiún chun anailís den sórt sin a dhéanamh.

(94) Chloígh an Coimisiún lena sheasamh mar a leagtar amach é in aithris 88 thuas, agus mhínigh sé freisin go n-úsáidtear formhór mór an lísín i mbeatha ainmhithe, ar dheimhnigh na húsáideoirí lísín idirmhalartacht na bhfoirmeacha lísín ina leith. Léiríodh san alt eolaíoch a luaigh CCCMC in aithris 20 thuas go bhfuil na foirmeacha lísín in iomaíocht dhíreach le chéile. Chloígh an Coimisiún lena sheasamh maidir leis an bhfianaise fhíor-riachtanach agus na hachoimrí neamhrúnda ar shonraí a cuireadh ar fáil faoi chumhdach rúnda go raibh an t-ábhar uile sin sa Rialachán sealadach chun go bhféadfadh páirtithe leasmhara a gceart chun cosanta a fheidhmiú.

(95) Líomhain CCCMC freisin nár thug an Coimisiún aghaidh ar bharúlacha maidir leis an meastóireacht ar thionchar allmhairí ón tSín ar staid thionscal an Aontais maidir le tomhaltas laghdaithe an Aontais, agus treochtaí i méideanna táirgeachta thionscal an Aontais i gcomhar le hallmhairí ón tSín chuig an Aontas. Go háirithe, mhaígh CCCMC gur tháinig an laghdú ba mhó ar tháirgeacht thionscal an Aontais idir 2021 agus 2022, i.e. nuair a tháinig laghdú ar allmhairí lísín ón tSín freisin agus dá bhrí sin nach raibh aon fheidhm mhíniúcháin acu mar a bhaineann sé leis an treocht laghdaitheach.

(96) D'áitigh an Coimisiún gur tugadh aghaidh ar na barúlacha a chuir CCCMC isteach ar bhealach atá mionsonraithe go leor in aithrisí 79, 83, 88 thuas agus in aithrisí 103, 105, 106 agus 107 thíos. Go hachomair, murab ionann is an maíomh CCCMC, is léir ó Thábla 2 gur tháinig laghdú 14 phointe céatadáin ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus gur tháinig laghdú 83 phointe céatadáin ar tháirgeacht an Aontais (Tábla 5). Sa tréimhse chéanna, choinnigh allmhairí ón tSín sciar ceannasach den mhargadh san Aontas (Tábla 3), agus cé gur tháinig laghdú 3 phointe céatadáin ar na méideanna a allmhairíodh in 2022, bhí an laghdú níos ísle ná an laghdú ar thomhaltas an Aontais (– 5 phointe céatadáin). Thairis sin, thug an Coimisiún aghaidh ar an mbarúil maidir le héifeacht mhéadaitheach sa tréimhse imscrúdúcháin in aithris (284) den Rialachán sealadach. Diúltaíodh don argóint.

4.3.1. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(97) D'áitigh CCCMC, de réir Eurostat le haghaidh chód AC 2922 41 00, 2309 90 96 (cód ciseáin) agus 2309 90 31 (cód ciseáin), go bhfuil an laghdú ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne idir 2022 agus 2023 i bhfad níos airde i gcomparáid leis na praghsanna a sholáthair an Coimisiún sa Rialachán sealadach (sonraí Eurostat le haghaidh chód AC 2922 41 00 agus sonraí Eurolysine le haghaidh sulfáit lísín) agus go gcuireann deonú rúndachta sonraí allmhairiúcháin isteach go mór ar a chearta cosanta.

(98) Maidir leis na staitisticí allmhairiúcháin, shoiléirigh an Coimisiún, cé gur bunachar sonraí atá ar fáil go poiblí é Eurostat maidir le staitisticí allmhairiúcháin le haghaidh cóid AC ocht ndigit, maidir le sulfáit lísín, nach bhféadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint as staitisticí allmhairiúcháin chóid TARIC reatha 2309 90 31 51, 2309 90 31 59, 2309 90 96 51, 2309 90 96 59, ós rud é gur 'cóid chiseáin' iad na cóid TARIC sin lena n-áirítear táirgí seachas an táirge lena mbaineann idir 2020 agus 2022. Thairis sin, sa Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún in aithrisí 237 agus 238 gur baineadh sonraí allmhairiúcháin lísín HCl (an tSín) ó Eurostat, agus go ndearnadh sonraí allmhairiúcháin maidir le sulfáit lísín a chros-seiceáil ó fhaisnéis mhargaidh speisialaithe chun léargas níos cruinne a fháil ar allmhairí sulfáite lísín. Go nithiúil, bhain an Coimisiún staitisticí allmhairiúcháin maidir le sulfáit lísín (cóid chiseáin) ó Eurostat agus Surveillance le haghaidh na tréimhse faoi bhreathnú agus thug sé dá aire go raibh na méideanna allmhairí idir 662 896 thona in 2020 agus 537 126 thona in 2023, i.e. go mór os cionn an taraif-chuóta saor ó dhleacht. Ós rud é gur ídíodh an cuóta saor ó dhleacht de shulfáit lísín gach bliain den tréimhse faoi bhreathnú i míonna an Fhómhair, mheas an Coimisiún nach raibh staitisticí Eurostat cruinn. Rinne an Coimisiún anailís ar shonraí onnmhairiúcháin ón tSín maidir le sulfáit lísín a bhaint ó fhaisnéis mhargaidh speisialaithe agus thug sé dá aire go léiríonn na sonraí sin léargas níos cruinne ar allmhairí sulfáite lísín san Aontas.

(99) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid i gCás T-326/21 ([16]) i míreanna 52 agus 53 'gur cosúil le líomhaintí áirithe san aighneacht go gcáintear an Coimisiún toisc nár chuir siad tionscnamh na sonraí a úsáideadh in iúl do na hiarratasóirí. Mar sin féin, ní mhíníonn na hiarratasóirí cén chaoi a raibh gá le nochtadh thionscnamh na sonraí chun a leasanna a chosaint, ós rud é gur cuireadh na sonraí féin in iúl dóibh agus gur fhreagair an Coimisiún dá n-agóidí. I bhfianaise a bhfuil thuas, ní léir ar bhealach ar bith gur theip ar an gCoimisiún an fhaisnéis is gá a chur in iúl do na hiarratasóirí chun a chur ar a gcumas a dtuairimí a chur in iúl go héifeachtach maidir le fírinne agus ábharthacht na bhfíoras agus na n-imthosca a líomhnaítear agus maidir leis an bhfianaise ar a bhfuil sé ag brath'. I bhfianaise an chásdlí sin, mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, gur leor na sonraí maidir le hallmhairí sulfáite lísín ón tSín a nochtadh gan tionscnamh na sonraí sin a nochtadh. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh ó CCCMC.

(100) Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún gurbh ionann na cóid AC 2309 90 96 agus 2309 90 31, a d'úsáid CCCMC chun meánlaghdú praghais ar shulfáit lísín a léiriú idir 2022 agus 2023, agus 'cóid chiseáin' ina raibh táirgí allmhairithe eile go dtí 2023. Dá bhrí sin, aon léiriú ar fhorbairt praghsanna ar na cóid AC sin ag CCCMC, tá sé gan bhunús agus mícheart, ós rud é gur meánphraghsanna ar lísín agus ar tháirgí eile a bhí sna praghsanna a úsáideadh. Mhínigh an Coimisiún a thuilleadh na méideanna lísín allmhairithe ón tSín i ranna 4.3.1 agus 5.1 den Rialachán seo.

(101) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an fhianaise fhíor-riachtanach agus na hachoimrí neamhrúnda uile ar shonraí a soláthraíodh faoi chumhdach rúnda sa ghearán, agus sa Rialachán sealadach, chun go bhfeidhmeodh páirtithe leasmhara a gceart chun cosanta le linn na n-imeachtaí. Tugtar chun cuimhne go n-éascaítear le hAirteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6(5) den Chomhaontú maidir le Cur Chun Feidhme Airteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil faisnéis rúnda a chosaint i gcúinsí ina mbeadh buntáiste nach beag iomaíochta ann d'iomaitheoir dá nochtfaí an fhaisnéis sin nó ina ndéanfadh an nochtadh dochar nach beag do dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis nó do dhuine óna bhfuair an duine sin an fhaisnéis. Is faoi na catagóirí sin a thagann an fhaisnéis a soláthraíodh faoi chumhdach rúnda. In aon chás, chuir an gearánach achoimrí ar fáil ar ábhar na ndeighleog rúnda den ghearán. Mhínigh sé freisin in aithris 17 den Rialachán sealadach, i bhfianaise gur táirgeoir aonair atá i dtionscal an Aontais, go raibh sé intuigthe gur tugadh tosca díobhála i raonta agus i gcineál innéacsaithe sa ghearán. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún gur sáraíodh cearta cosanta na gcuideachtaí a ndéanann CCCMC ionadaíocht orthu san imscrúdú.

([16]) Breithiúnas an 21 Meitheamh 2023, *Guangdong Haomei New Materials agus Guangdong King Metal Light Alloy Technology v an Coimisiún Eorpach*, T-326/21, ECLI:T:2023:347.

(102) D'áitigh CCCMC freisin nár chuir an Coimisiún sonraí i láthair chun an treocht sladghearrtha a léiriú, iompar praghsála a leanann ar aghaidh i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú. Mhaígh CCCMC freisin nár chuir an Coimisiún fianaise ar fáil maidir leis an gcaoi ar idirghníomhaigh allmhairí ón tSín agus ón Aontas i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, ag cur isteach nach bhfuil toradh an Choimisiúin maidir le sladghearradh praghais a bheith ann ag teacht leis an oibleagáid scrúdú oibiachtúil a dhéanamh. I bhfianaise an mhaímh sin, d'áitigh an gearánach gur léirigh tionscal an Aontais sa ghearán nach raibh an sladghearradh statach, toisc gur thosaigh sé i bhfad roimh an tréimhse imscrúdúcháin agus gur mhéadaigh sé go leanúnach.

(103) Thug an Coimisiún dá aire gur cheart anailís oibiachtúil ar shladghearradh praghsanna a bheith bunaithe ar chomparáid idir praghsanna idir cineálacha táirgí comhchosúla. Dá bhrí sin, is é cleachtas comhsheasmhach an Choimisiúin an anailís sin a dhéanamh ar bhonn shonraí díolacháin mionsonraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin, ós rud é go gceadaítear comparáid de réir an chineáil leis na sonraí sin. Ní féidir aon anailís den sórt sin a dhéanamh do na blianta roimhe sin, in éagmais sonraí mionsonraithe den sórt sin. Diúltaíodh don mhaíomh.

(104) Mhaígh CCCMC freisin go léiríonn sonraí Eurostat praghsanna allmhairí ón tSín i bhfad níos airde ná na sonraí a chuir an Coimisiún ar fáil i dTábla 4 den Rialachán sealadach, agus nár chuir an Coimisiún fianaise leordhóthanach ar fáil maidir le sladghearradh praghsanna, ísliú praghsanna agus sochtadh praghsanna allmhairí ón tSín chuig tionscal an Aontais. Chuir sé i dtábhacht gur tháinig laghdú ar mhéideanna allmhairí agus sciar den mhargadh na Síne in 2021 agus gur tháinig méadú substaintiúil ar phraghsanna na Síne, agus go raibh caillteanas mór á dhéanamh ag tionscal an Aontais. Mhaígh CCCMC dá mba rud é go ndearna allmhairí ón tSín praghsanna díola thionscal an Aontais a shochtadh, gur cheart feabhas a bheith tagtha ar bhrabúsacht thionscal an Aontais in 2021.

(105) Maidir le praghsanna allmhairiúcháin na Síne, mar a míníodh cheana sa Rialachán sealadach, baintear meánphraghas allmhairí na Síne ar lísín HCl ó Eurostat le haghaidh chód AC 2922 41 00. Déantar meánphraghas na n-allmhairí ón tSín le haghaidh sulfáit lísín a eastóscadh ó fhaisnéis mhargaidh speisialaithe a chuir an gearánach ar fáil. Is toradh iad na sonraí a fhoilsítear i dTábla 4 ar mheán ualaithe praghais allmhairiúcháin lísín HCl agus sulfáite lísín, ar bhonn na méideanna allmhairithe de gach foirm i mbliain ar leith.

(106) Athdhearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé mícheart meánphraghsanna allmhairiúcháin faoi chóid AC 2309 90 31 agus 2309 90 96 a chur san áireamh, ós rud é go raibh roinnt táirgí eile san áireamh sna cóid AC sin idir 2020 agus 2022. Maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin, mhínigh an Coimisiún in aithrisí 79 go 82 thuas gur thug sé na sonraí allmhairiúcháin le haghaidh sulfáit lísín le linn na tréimhse imscrúdúcháin cothrom le dáta le haghaidh chóid AC 2309 90 31 agus 2309 90 96, ós rud é nár forchoimeádadh na cóid sin ach amháin le haghaidh sulfáit lísín in 2023. Mar thoradh ar na sonraí a thabhairt cothrom le dáta, tháinig athrú ar an meánphraghas allmhairiúcháin sa tréimhse imscrúdúcháin, agus dá bhrí sin déantar Tábla 4 den Rialachán sealadach a athbhreithniú mar a leanas:

'Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin
An tSín	876	1 342	1 679	1 159
Innéacs	*100*	*153*	*192*	*132*

Foinse: Eurostat (lísín HCl, lísín leachtach, sulfáit lísín 2023), Soláthraí margaidh speisialaithe (sulfáit lísín 2020-2022).'

(107) Maidir leis an maíomh inar ceistíodh ísliú praghsanna agus sochtadh praghsanna i dtionscal an Aontais mar thoradh ar allmhairí ón tSín, thug an Coimisiún dá aire go raibh praghsanna allmhairí dumpáilte ón tSín i bhfad níos ísle ná praghsanna díola thionscal an Aontais (agus praghsanna allmhairiúcháin lísín ón mBrasaíl, ón Indinéis agus ón gCóiré Theas) le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is léir gurb iad praghsanna ísle den sórt sin, in éineacht le sciar an-ard den mhargadh, arb é [70 %-79 %] é le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba chúis le laghdú phraghsanna thionscal an Aontais, mar a léirítear sna figiúirí brabúsachta.

(108) D'iarr CCCMC ar an gCoimisiún leagan mionsonraithe neamhrúnda de ríomh an chorrlaigh díobhála a sholáthar lena léirítear gur suíodh go ndearnadh díobháil do 100 % de mhéideanna allmhairithe na gcuideachtaí sampláilte, lena n-áirítear na coigeartuithe a rinne an Coimisiún. Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh, agus mheabhraigh sé do CCCMC nár nochtadh na ríomhanna sladghearrtha do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ach amháin toisc go mbaineann na ríomhanna go sonrach le cuideachta ar leith agus go bhfuil sonraí atá íogair ó thaobh praghais de iontu, dá bhrí sin, tá siad de chineál rúnda. Bhí an deis ag na soláthraithe sonraí uile an ríomh ábhartha a rinne an Coimisiún a fhíorú go mion agus barúil a thabhairt air.

(109) Tar éis an nochta deiridh, líomhain CCCMC nár sholáthair an Coimisiún bunús fíorasach chun a chinneadh gurbh ann do shladghearradh praghais 'i gcás 100 % de mhéideanna allmhairithe na gcuideachtaí sampláilte' ós rud é go bhfuil neamhréir idir na foirmeacha lísín.

(110) Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil mionsonraí faoi ríomhanna an tsladghearrtha praghais faoi rún agus gur cuireadh in iúl iad do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne lena mbaineann. D'áitigh an Coimisiún go raibh an cur chuige a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir leis an mbun-Rialachán.

(111) Mhaígh CCCMC thairis sin nár sholáthair an Coimisiún bunús fíorasach leis an toradh gur fheidhmigh na hallmhairí ón tSín praghsanna a líomhnaítear a bheith íseal d'ísliú praghsanna do thionscal an Aontais agus nár luadh ísliú praghsanna sa Rialachán sealadach fiú.

(112) Shoiléirigh an Coimisiún gur tugadh tuairisc in aithrisí 250 agus 289 den Rialachán sealadach ar an sochtadh praghsanna a d'fheidhmigh na hallmhairí ón tSín. Mhínigh an Coimisiún go raibh sladghearradh mór á dhéanamh ag na allmhairí ón tSín ar phraghsanna thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin agus go raibh praghsanna na Síne faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, rud a d'fhág gur tháinig ísliú ar phraghsanna díola thionscal an Aontais agus gur géaraíodh ar an staid i dtaobh caillteanais airgeadais. Léiríodh é sin le méideanna na n-allmhairí ón tSín agus le sciar den mhargadh agus meánphraghas allmhairiúcháin na Síne. Diúltaíodh don mhaíomh.

(113) In éagmais barúlacha eile, deimhníodh aithrisí 244 go 250 den Rialachán sealadach.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(114) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 251 go 254 den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(115) In éagmais barúlacha eile, deimhníodh aithrisí 255 go 258 den Rialachán sealadach.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(116) Bhí tionchar ag an athbhreithniú ar shonraí allmhairiúcháin na Síne maidir le lísín sa tréimhse imscrúdúcháin, mar a mhínítear in aithris 79 agus a léirítear i dTábla 3 athbhreithnithe, ar Thábla 6 den Rialachán sealadach. Is mar a leanas atá Tábla cinntitheach 6:

'Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	[52 000–57 000]	[68 000– 75 000]	[31 000–34 000]	[7 500–9 000]

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin
Innéacs	*100*	*132*	*63*	*16*
Sciar den mhargadh (%)	10,7	14	7	2
Innéacs	*100*	*130*	*65*	*18*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir Eurolysine.'

(117) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 259 go 261 den Rialachán sealadach.

4.4.2.3. Fás

(118) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithris 262 den Rialachán sealadach.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(119) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 263 go 265 den Rialachán sealadach.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(120) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 266 go 267 den Rialachán sealadach.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(121) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 268 go 271 den Rialachán sealadach.

4.4.3.2. Costais saothair

(122) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 272 go 273 den Rialachán sealadach.

4.4.3.3. Fardail

(123) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 274 go 275 den Rialachán sealadach.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(124) Tar éis an nochta deiridh, líomhain CCCMC nár thug an Coimisiún aghaidh ar bharúlacha maidir le méadú ar shreabhadh airgid thionscal an Aontais agus toradh ar infheistíocht.

(125) D'áitigh an Coimisiún gur míníodh treocht an tsreafa airgid in aithris 278, agus an toradh ar infheistíochtaí in aithris 280 den Rialachán sealadach. Cé gur tháinig feabhas ar an sreabhadh airgid sa tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar dhíolacháin ón stoc, bhí sé fós diúltach i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú. Measadh gurbh é caillteanas níos ísle sa bhrabúsacht ná mar a bhí sna blianta roimhe sin, mar gheall ar tháirgeacht íseal sa tréimhse imscrúdúcháin, ba chúis leis an treocht feabhsaithe sa toradh ar infheistíochtaí, ba chosúil, sa tréimhse imscrúdúcháin. Tugadh tuairisc ar éifeacht allmhairí ón tSín ar an laghdú ar mhéideanna táirgeachta i ranna 4.3 agus 4.4 den Rialachán sealadach. Diúltaíodh do na maímh.

(126) In éagmais aon bharúil, deimhníodh aithrisí 276 go 281 den Rialachán sealadach.

4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(127) Diúltaíodh do mhaímh uile na bpáirtithe tar éis an Rialacháin shealadaigh. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar bhonn na dtorthaí a nochtadh sa Rialachán sealadach, gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán agus dá bhrí sin, deimhníodh aithrisí 282 go 286 den Rialachán sealadach.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(128) Líomhain CCCMC, CESFAC agus Vall Companys nár tugadh aghaidh sa Rialachán sealadach aghaidh go leordhóthanach ar an nasc cúisíoch idir allmhairí ón tSín agus díolacháin thionscal an Aontais agus cibé acu a rinne nó nach ndearna allmhairí lísín ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, bhí sé ag brath go páirteach ar shonraí allmhairiúcháin (malartacha) CESFAC féin, ar dhiúltaigh an Coimisiún dóibh, mar a mhínítear go cuí faoi Roinn 4.3 thuas.

(129) D'áitigh CCCMC, CESFAC agus Vall Companys nach bhfuil aon chomhghaol idir éabhlóid mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais agus éabhlóid na n-allmhairí ón tSín, go háirithe ós rud é gur tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí ón tSín idir 2021 agus 2022 agus nár bhain tionscal an Aontais leas as an laghdú sin, toisc gur tháinig laghdú ar a dhíolacháin féin freisin in 2022. Mar sin féin, mar a léirítear i dTáblaí 2 agus 3 den Rialachán sealadach, tháinig laghdú nach beag ar an tomhaltas idir 2021 agus 2022, ar titim é a bhí i bhfad níos láidre ná méid na n-allmhairí ón tSín, agus dá bhrí sin ní raibh aon deis ag tionscal an Aontais cuid de na méideanna a raibh seilbh ag margaí na Síne orthu a aisghabháil, dá mba rud é go mbeadh sé sin indéanta i dtéarmaí costas agus praghsanna. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(130) Mhaígh CCCMC freisin nár léirigh an Coimisiún an sladghearradh praghais agus gurbh iad na hallmhairí ón tSín ba chúis le hísliú praghsanna agus sochtadh praghsanna thionscal an Aontais. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tSín i bhfad níos ísle ná praghsanna díola thionscal an Aontais agus praghsanna allmhairiúcháin lísín ón mBrasaíl, ón Indinéis agus ón gCóiré Theas (Tábla 12 den Rialachán sealadach). Dá bhrí sin, is léir gur fheidhmigh praghas lísín ón tSín, a raibh ceannasacht aige ar mhargadh an Aontais i gcaitheamh na tréimhse ar fad faoi bhreathnú, sochtadh praghsanna agus ísliú praghsanna do thionscal an Aontais agus freisin ar allmhairí ó fhoinsí eile nach foinsí de chuid na Síne iad. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin.

(131) Tar éis an nochta deiridh, líomhain CCCMC nach gcomhlíontar an tástáil ar shannadh dearfach maidir le tionchar na n-allmhairí ón tSín trína méid, a n-éifeachtaí praghais, agus a dtionchar ar thionscal an Aontais agus nach raibh díobháil déanta ag na hallmhairí nó tSín do thionscal an Aontais. Mhaígh CCCMC nach ndearna an Coimisiún scrúdú mionsonraithe leordhóthanach ar an gcaoi ar idirghníomhaigh méideanna agus praghsanna na n-allmhairí is ábhar le praghsanna táirgí comhchosúla intíre i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú chun sladghearradh praghsanna agus sochtadh praghsanna a dhéanamh agus díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais.

(132) D'easaontaigh an Coimisiún agus mheas sé gur nochtadh leibhéal leordhóthanach anailíse ina leith sin i roinn 4 den Rialachán sealadach agus sa doiciméad nochta deiridh (a léirítear i roinn 4 den Rialachán seo). Diúltaíodh don mhaíomh.

(133) In éagmais barúlacha eile, deimhníodh aithrisí 288 go 291 den Rialachán sealadach.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(134) D'áitigh CESFAC agus Vall Companys go raibh allmhairí tríú tír ina rannchuidiú mór leis an díobháil a mhaígh an Gearánach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe in 2022, agus gur theip ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar allmhairí tríú tíortha eile ar an díobháil le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(135) Mheabhraigh an Coimisiún go ndearna an Coimisiún anailís ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag allmhairí ó thríú tíortha eile maidir le díobháil do thionscal an Aontais faoi aithrisí 292 go 298 den Rialachán sealadach. San anailís sin, tháinig sé ar an gconclúid (i) gur tháinig laghdú 4 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tríú tíortha seachas an tSín idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin agus gurbh ionann é agus [20 %-25 %] sa tréimhse imscrúdúcháin; agus (ii) go raibh praghsanna allmhairiúcháin na n-allmhairí dumpáilte ón tSín i bhfad níos ísle ná praghsanna díola thionscal an Aontais agus praghsanna allmhairiúcháin lísín ón mBrasaíl, ón Indinéis agus ón gCóiré Theas, trí cinn de na ceithre fhoinse eile allmhairí; de bhrí go raibh praghsanna na n-allmhairí ó SAM ar leibhéil chomhchosúla - ach gur laghdaíodh na méideanna allmhairí ó SAM faoina leath ó 2020 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Níor cheistigh CESFAC ná Vall Companys na torthaí sin, agus diúltaíodh don mhaíomh dá bhrí sin. Bhí tionchar ag an athbhreithniú ar shonraí allmhairiúcháin na Síne le haghaidh lísín sa tréimhse imscrúdúcháin, mar a mhínítear in aithrisí 79 agus mar a léirítear i dTábla 3 athbhreithnithe, ar an sciar den mhargadh sa tréimhse imscrúdúcháin a bhí ag tríú táirgeoirí onnmhairiúcháin lísín nach táirgeoirí de chuid na Síne iad. Nocht an Coimisiún raonta i dTábla 12 den Rialachán sealadach. Fanann na sciartha nua den mhargadh sna raonta a nochtar sa Rialachán sealadach.

(136) In éagmais barúlacha eile, deimhníodh aithrisí 292 go 298 den Rialachán sealadach.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(137) Mhaígh CESFAC agus Vall Companys gur sciar mór iad díolacháin onnmhairiúcháin 20 % de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais agus nár cheart beag is fiú a dhéanamh dóibh in anailís an Choimisiúin.

(138) D'áitigh an Coimisiún, ar na cúiseanna a mhínítear in aithrisí 300 agus 301 den Rialachán sealadach (go háirithe, méid, treocht mhéide agus praghsanna) nár mhaolaigh na díolacháin sin an nasc cúisíoch.

(139) Tar éis an nochta deiridh, líomhain CCCMC gur bhris an drochfheidhmíocht onnmhairiúcháin, na féin-allmhairí, agus an t-aistriú fócais ó lísín go táirgí speisialtachta agus drochstaid airgeadais a bhí ann cheana an nasc cúisíoch líomhnaithe idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a fuarthas.

(140) D'áitigh an Coimisiún, mar a mhínítear in aithrisí 300 agus 301 den Rialachán sealadach, gur tháinig laghdú líneach ar onnmhairí thionscal an Aontais leis an laghdú ar tháirgeacht sa tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an Coimisiún cheana féin i roinn 4.3 den Rialachán sealadach agus sa doiciméad nochta deiridh (a léirítear i roinn 4.3 thuas) gur allmhairí ón tSín ba chúis leis an laghdú ar tháirgeacht. Maidir leis an maíomh i ndáil le féin-allmhairí, mhínigh an Coimisiún in aithris 303 den Rialachán sealadach gur measadh go raibh na hallmhairí sin imeallach agus go raibh sé beartaithe leo feabhas a chur ar staid sreafa airgid thionscal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, in aithris 310 den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún go bhfuil táirgeadh aimíonaigéad eile ar leithligh ó phróiseas táirgthe lísín agus nach bhfuil tionchar aige ar úsáid acmhainneachta an ghléasra lísín. D'áitigh an Coimisiún freisin gur tugadh aghaidh go leordhóthanach in aithris 312 den Rialachán sealadach ar an maíomh maidir le drochstaid eacnamaíoch thionscal an Aontais a bhí ann cheana. Diúltaíodh don mhaíomh.

(141) In éagmais barúlacha eile, deimhníodh aithrisí 299 go 301 den Rialachán sealadach.

5.2.3. *Tosca eile*

(142) In éagmais aon bharúlacha, deimhníodh aithrisí 302 go 313 den Rialachán sealadach.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(143) Diúltaíodh do mhaímh uile na bpáirtithe tar éis an Rialacháin shealadaigh. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar bhonn na dtorthaí a nochtar sa Rialachán sealadach, go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín, agus maidir leis na tosca eile, a breithníodh leo féin nó le chéile, nach ndearnadh maolú ar an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha mar gheall orthu, ná nár briseadh é.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

6.1. **Corrlach díobhála**

(144) Mhaígh CCCMC, CESFAC agus Vall Companys nár soláthraíodh aon fhaisnéis maidir leis na pleananna infheistíochta agus na tionscadail a cuireadh siar sa chomhad neamhrúnda agus nár cheart an méid sin a úsáid chun an spriocbhrabús a ríomh, ag sonrú nár cheart 'gnáthdhálaí iomaíochta' a ionannú le 'dálaí sármhaithe' agus nach mór an measúnú ar an spriocbhrabús a dhéanamh faoi threoir (ghnáth)dhálaí iarbhír iomaíochta sa mhargadh atá i gceist.

(145) D'áitigh an gearánach gurbh iad príomhghnéithe a straitéise táirgeadh aigéid ghliocólaigh a thionsclú agus acmhainneacht táirgeachta bhreise a chruthú le haghaidh vailín agus go raibh infheistíochtaí móra ag teastáil ón dá thionscadal. Mar gheall ar an drochfheidhmíocht eacnamaíoch de bharr lísín dumpáilte ón tSín, ní raibh an gearánach riamh in ann na hinfheistíochtaí sin a chur i gcrích.

(146) Mheabhraigh an Coimisiún gur mhínigh sé sa Rialachán sealadach agus i Nóta a ghabhann leis an gComhad ([17]) gur fhíoraigh sé an fhaisnéis a chuir an gearánach ar fáil ina leith sin agus gur chinn sé go raibh údar leis an maíomh. Mhínigh sé freisin conas a bhunaigh sé an coigeartú ábhartha. Ar chúiseanna rúndachta, ní fhéadfaí aon sonraí a sholáthar maidir le pleananna infheistíochta an ghearánaigh agus tionscadail a cuireadh siar. Mheas an Coimisiún, faoi ghnáthdhálaí iomaíochta, nach ndéanfaí an margadh a shaobhadh le hallmhairí dumpáilte ba chúis le díobháil. D'fhéadfaí an maíomh fíoraithe maidir le hinfheistíochtaí ligthe thar ceal a nascadh go soiléir le staid shaofa an mhargaidh agus dheimhnigh an Coimisiún dá bhrí sin go raibh údar le coigeartú a dhéanamh ar an spriocphraghas faoi Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(147) Tar éis an nochta deiridh, líomhain CCCMC nach raibh fíorais fhíor-riachtanacha ag léiriú go raibh údar le coigeartuithe faoi Airteagal 7(2)c. Mhaígh CCCMC nach bhféadfaí na hinfheistíochtaí ligthe thar ceal a nascadh go soiléir le staid shaofa an mhargaidh.

(148) D'áitigh an Coimisiún, ar chúiseanna rúndachta, gur measadh gur leor an fhaisnéis atá sa Nóta a ghabhann leis an gComhad a luaitear in aithris 146 thuas chun bunús a thabhairt go raibh na pleananna infheistíochta a cuireadh siar nasctha leis na hallmhairí dumpáilte ón tSín. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(149) Ar an dara dul síos, d'easaontaigh CCCMC agus CESFAC le ríomh an Choimisiúin ar chostais chomhshaoil thionscal an Aontais faoi láthair agus amach anseo arna bhfeidhmiú faoi Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, agus d'fhonn an spriocphraghas a choigeartú freisin. Mhaígh CCCMC, leis na caighdeáin chomhshaoil a chuir an Coimisiún i bhfeidhm, go ndearnadh an spriocphraghas a bhoilsciú go saorga agus nach gceadaítear le rialacha EDT beartais frithdhumpála a úsáid chun caighdeáin chomhshaoil nó saothair a fhorfheidhmiú go seach-chríochach. D'easaontaigh CCCMC freisin le ríomh chostas na lamháltas astaíochtaí amach anseo, ag maíomh go ndéantar rómheastachán ar an bhfigiúr arna ríomh ag an gCoimisiún, agus d'áitigh sé go bhfuair an gearánach níos mó lamháltais CTA saor in aisce go comhsheasmhach a bhí ag teastáil uaidh chun a astaíochtaí iarbhír a chumhdach. D'easaontaigh an gearánach le maíomh CCCMC go bhfuair tionscal lísín an Aontais níos mó leithdháiltí ná mar ba ghá chun a astaíochtaí iarbhír a chumhdach, agus d'áitigh sé nár chuir CCCMC ach sonraí le haghaidh suiteáil amháin i gclárlann na Fraince san áireamh, agus nach bhfuil táirgeadh aimíonaigéad incháilithe do chúiteamh ar chostais indíreacha CO_2 a bhaineann le leictreachas.

(150) Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh CCCMC agus CESFAC. Thug sé dá aire go bhfuil méid na lamháltas CTA a fuarthas bunaithe ar mhéid táirgeachta sna blianta roimhe sin. Sna blianta amach romhainn, gheobhaidh an gearánach níos lú lamháltas dá bhrí sin, ós rud é go raibh a mhéid táirgeachta níos ísle le blianta beaga anuas mar gheall ar an mbrú ó na hallmhairí dumpáilte. Dá bhrí sin, is méideanna réalaíocha, fíoraithe iad na figiúirí a úsáidtear agus ní dhéantar rómheastachán orthu, mar a mhaíonn na páirtithe. Maidir le neamh-chomhoiriúnacht líomhnaithe na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le costais chomhshaoil atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a áireamh sa spriocphraghas, ní raibh bunús leis an maíomh agus bhí sé bunaithe ar an toimhde mhícheart go bhfuil éifeachtaí seach-chríochacha ag ríomh an spriocphraghais nó go raibh sé i gceist caighdeáin chomhshaoil nó saothair a fhorfheidhmiú i dtríú tíortha.

([17]) t24.011363.

(151) Luaigh CESFAC agus Vall Companys freisin gur cosúil go bhfuil modheolaíocht an Choimisiúin chun costas CTA a ríomh bunaithe ar mhéid iomlán na n-astaíochtaí truailleán atá curtha i leith an ghearánaigh faoi láthair, seachas ar astaíochtaí a bhaineann le táirgeadh lísín amháin. Shoiléirigh an Coimisiún nár bhunaigh sé na costais bhreise mheasta a bheidh ann amach anseo ach amháin i ndáil le táirgeadh an táirge lena mbaineann agus na dtáirgí réamhtheachtacha a ghineann astaíochtaí CO_2. Míníodh an mhodheolaíocht sa Nóta thuasluaite a ghabhann leis an gComhad.

(152) D'easaontaigh CCCMC freisin le spriocbhrabús 10,69 % mar chás neamhréalaíoch agus míréasúnta. Mheabhraigh an Coimisiún go leagtar amach an mhodheolaíocht chun an spriocphraghas a ríomh in aithrisí 318 go 326 sa Rialachán sealadach agus go leanann sí go docht forálacha Airteagal 7(2c) agus 7(2d) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún corrlach brabúis réasúnta 6 % i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa bhun-Rialachán. Ina dhiaidh sin, ríomh an Coimisiún 4,69 % in infheistíochtaí ligthe thar ceal, T & F, nuálaíocht (IRI) agus CTA ar bhonn fhigiúirí fíoraithe thionscal an Aontais. Níor mhínigh CCCMC cén fáth ar mheas sé go raibh an coigeartú a tháinig as sin neamhréalaíoch agus míréasúnta agus dá bhrí sin diúltaítear don mhaíomh.

(153) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CCCMC go raibh cur chuige an Choimisiúin chun an spriocbhrabús 10,69 %, ina bhfuil bunbhrabús, IRI agus costas CTA, mícheart. Líomhain CCCMC go raibh caillteanas á dhéanamh ag tionscal an Aontais i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú agus go raibh sé gan údar go fíorasach agus go dlíthiúil corrlach brabúis 6 % a chur i bhfeidhm. Mhaígh CCCMC, in éagmais brabús thionscal an Aontais, gur cheart an spriocbhrabús a shuí ag 6 %.

(154) Mhínigh an Coimisiún in aithris 320 den Rialachán sealadach, ós rud é gur bhain caillteanais do thionscal an Aontais i gcaitheamh na tréimhse ar fad faoi bhreathnú agus nárbh fhéidir sonraí thionscal an Aontais a úsáid, shuigh an Coimisiún corrlach brabúis ag 6 % mar bhunbhrabús. Thairis sin, ríomhadh leibhéal na n-infheistíochtaí, an taighde agus na forbartha (T & F) agus na nuálaíochta de 4,69 % faoi ghnáthdhálaí iomaíochta ar bhonn phleananna infheistíochta fíoraithe thionscal an Aontais, mar a mhínítear in aithris 146 thuas, agus suimíodh leis an mbunbhrabús é chun an spriocbhrabús a fháil.

(155) Mheas an Coimisiún go bhfuil CCCMC ceart sa chaoi, in éagmais brabúis ó thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí móra ón tSín i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú, gur cheart an bunbhrabús a shuí ag 6 % go deimhin i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán ([18]). Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire go socraítear an bunbhrabús sin mar íosleibhéal seachas mar uasleibhéal de bhun Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán. Thairis sin, ní mór an bunbhrabús sin a choigeartú i gcás ina ndéanann tionscal an Aontais maíomh dlisteanach gur cheart méid costais T & F agus nuálaíochta ligthe thar ceal a áireamh sa spriocbhrabús. Ní léiríonn 4,69 % ach an méid sin atá le cur leis an mbunbhrabús. Mar thoradh ar léirmhíniú CCCMC, thiocfaí ar an gconclúid neamhloighciúil go mbeadh tionscal in imthosca an tionscail lísín i dteideal brabús 6 % gan beann ar cé acu a ghlacfaí lena mhaíomh go raibh na hinfheistíochtaí sin ligthe thar ceal aige nó nach nglacfaí leis an maíomh sin.

(156) Dá bhrí sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil an spriocbhrabús foriomlán a suíodh, 10,69 % san iomlán, is é sin le bunbhrabús agus infheistíochtaí T & F faoi ghnáthdhálaí iomaíochta san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(157) In aon chás, fiú dá nglacfaí leis an maíomh agus dá mbeadh an spriocbhrabús foriomlán le socrú ag 6 %, bheadh na corrlaigh dhíobhála mar thoradh air sin fós i bhfad níos airde ná na corrlaigh dumpála, lena socraítear leibhéal na ndleachtanna, le haghaidh na bpáirtithe uile. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár bhain an maíomh le hábhar toisc nach mbeadh tionchar aige ar an leibhéal dleachta d'aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin.

(158) In éagmais barúlacha, deimhníodh aithris 328 den Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, Is mar a leanas atá an leibhéal díothaithe díobhála cinntitheach le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus le haghaidh gach cuideachta eile:

([18]) Maidir le léirmhíniú comhchosúil, féach TiO_2 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/1923, 11.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1923/oj).

Cuideachta	Corrlach díobhála cinntitheach (%)
Meihua Group: — Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd — Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd	158,9
Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd	155,9
Cuideachtaí comhoibríocha eile	157,5
na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne	158,9

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(159) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Leagtar amach méid na dleachta cinntithí in aithris 204 thíos.

7. **LEAS AN AONTAIS**

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(160) Mhaígh CESFAC agus Vall Companys gur gheall Eurolysine agus a réamhtheachtaithe táirgeacht lísín a mhéadú go minic agus gur theip orthu go leanúnach an gealltanas sin a chomhlíonadh in ainneoin cosaint fhada agus tacaíocht shuntasach airgeadais a fháil ó stát na Fraince.

(161) D'athdhearbhaigh an Coimisiún, mar gheall ar láithreacht ollmhór allmhairí dumpáilte ón tSín ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais, go raibh iallach ar thionscal an Aontais ar deireadh na méideanna táirgeachta a choigeartú go leibhéil an-íseal.

(162) D'áitigh an gearánach ó tionscnaíodh an t-imscrúdú, gur tháinig méadú ar an éileamh ar lísín táirgthe san Eoraip, rud a mhéadaigh táirgeadh Eurolysine dá réir sin, agus líomhain sé go bhfuil sé beartaithe ag tionscal an Aontais táirgeadh lísín a mhéadú go mór agus aschur an aimíonaigéid san Aontas a mhéadú (amhail lísín, tripteafan, vailín, isileoicín, leoicín agus argainín) trí phlean infheistíochta EUR 130 milliún idir seo agus 2030 d'fhonn acmhainneacht táirgeachta Eurolysine a fhorbairt, feabhas a chur ar a éifeachtúlacht fuinnimh agus saoráidí atá ann cheana a nuachóiriú. Chuir an gearánach i dtábhacht go ndúnfaí saoráidí Eurolysine dá mainneofaí na bearta frithdhumpála a ghlacadh.

(163) In éagmais barúlacha eile maidir le leasanna thionscal an Aontais, deimhníodh aithrisí 331 go 335 den Rialachán sealadach.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe**

7.2.1. *Slándáil an tsoláthair*

(164) Líomhain Cónaidhm Mhonaróirí Beatha na hEorpa (FEFAC) go bhféadfadh na bearta frithdhumpála cur isteach ar allmhairí lísín toisc nach féidir le táirgeacht an Aontais agus tríú tíortha eile teacht in ionad allmhairí ón tSín agus éileamh an Aontais a shásamh. D'áitigh Comhlachas Gráin agus Beatha na Danmhairge (DAKOFO) go bhfuil an baol ann, trí shrian a chur ar allmhairí ón tSín, go gcruthófaí margadh monaplaithe leis na dleachtanna atá beartaithe, rud a chuirfeadh teorainn leis na roghanna soláthair do tháirgeoirí beatha an Aontais agus a mhéadódh luaineacht praghsanna.

(165) Líomhain Barentz freisin nach leor acmhainneacht chomhcheangailte thionscal an Aontais agus tríú tíortha (gan an tSín a áireamh) chun tomhaltas lísín an Aontais a shásamh, tomhaltas a bhí thart ar 435 000 tona i gcaitheamh na tréimhse imscrúdúcháin. Chuir Barentz i dtábhacht gur féidir le tionscal an Aontais agus tríú tíortha eile thart ar 41 % d'éileamh iomlán an Aontais ar lísín a sholáthar, agus nach bhféadfadh tionscal an Aontais amháin ach 18 % d'éileamh an Aontais a sholáthar, rud a d'fhágfadh go mbeadh ganntanas 59 % ann chun freastal ar éilimh úsáideoirí. Tháinig Barentz ar an gconclúid go mbeidh ar úsáideoirí agus allmhaireoirí lísín an Aontais leanúint den chuid is mó dá n-éileamh lísín a fháil ón tSín agus an dleacht frithdhumpála a íoc, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais mhéadaithe lísín ann do tháirgeoirí beatha ainmhithe agus d'fheirmeoirí.

(166) D'áitigh an gearánach go raibh seasamh FEFAC bunaithe ar roinnt toimhdí míchearta, is é sin, go mbeidh táirgeadh lísín thionscal an Aontais fós statach agus nach dtiocfaidh méadú air dá bhforchuirfí bearta, go n-aistarraingeodh soláthróirí Síneacha ón margadh Eorpach dá bhforchuirfí na bearta, nach gcomhlíonann soláthróirí tríú tír neamh-Síneacha na ceanglais rialála chun lísín a dhíol le húsáideoirí beatha an Aontais. Thug an gearánach dá aire freisin go bhfuil ró-acmhainneachtaí ollmhóra sa tSín, a ndéanfar iad a dhíriú ar mhargadh an Aontais i bhfianaise na mbeart trádála is déanaí sa Bhrasaíl agus sna Stáit Aontaithe.

(167) Maidir le hacmhainneachtaí táirgeachta lísín nár úsáideadh sa Bhrasaíl, san Indinéis, i bPoblacht na Cóiré agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, d'áitigh an gearánach gur sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin níos mó méideanna do chustaiméirí an Aontais roimhe seo roimh an méadú mór ar lastais lísín ón tSín, i.e. roimh an tréimhse faoi bhreathnú. Dhearbhaigh an gearánach go raibh na hacmhainneachtaí breise i dtríú tíortha seachas an tSín idir 500 000 agus 600 000 tona in 2023. Tháinig an gearánach ar an gconclúid go méadóidh na bearta frithdhumpála tarraingteacht mhargadh an Aontais do tháirgeoirí lísín san Aontas agus i dtríú tíortha trí iomaíocht chóir.

(168) Maidir le táirgeadh agus acmhainneacht bhreise táirgeachta i dtríú tíortha cé is moite den tSín, thug an Coimisiún dá aire go raibh rótháirgeadh ollmhór lísín sa tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú (thart ar 2 500 000 tona táirgeachta, cé nár ídíodh ach 300 000 tona sa bhaile). Ar an iomlán, ar bhonn na hanailíse ar na sonraí maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus táirgeacht sa Bhrasaíl, san Indinéis, sa Chóiré Theas agus sna Stáit Aontaithe mar a tuairiscíodh in Feedinfo, thug an Coimisiún dá aire go raibh acmhainneachtaí táirgeachta breise nár úsáideadh sna tríú tíortha cé is moite den tSín arbh fhiú 500 000 tona ([19]) san iomlán iad in 2023. Tá na hacmhainneachtaí breise sin, atá níos airde ná méid iomlán mhargadh an Aontais, comhlántach leis na 100 000 tona lísín a allmhairíodh cheana féin ó thríú tíortha neamh-Síneacha sa tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, bhí coinne ag an gCoimisiún, ós rud é go n-athbhunófaí staid iomaíoch margaidh san Aontas le praghsanna níos airde dá bhforchuirfí bearta cinntitheacha, go mbeadh na bearta sin ina ndreasacht do tháirgeoirí tríú tíortha a ndíolacháin san Aontas a mhéadú. Le blianta beaga anuas, ní fhéadfadh tríú tíortha cé is moite den tSín ach lísín leachtach a onnmhairiú chuig an Aontas toisc nach raibh allmhairí ón tSín dírithe ar an deighleog mhargaidh sin ach ar an ngrúpa táirgí is mó, lísín HCI agus sulfáit lísín. D'athraigh an staid sin leis na bearta atá i bhfeidhm. Deimhníodh san anailís thuas, dá bhrí sin, nach bhfuil slándáil an tsoláthair i mbaol; méadóidh tionscal an Aontais a mhéideanna táirgeachta agus díolacháin go mór, ní chuirfear stop le hallmhairí ón tSín agus beidh tairiscint mhéadaithe d'allmhairí nach de chuid na Síne iad ar an margadh a d'fhéadfadh an t-éileamh iomlán ar lísín allmhairithe a shásamh dá mba ghá. Mar a mhínítear in aithris 162, chuir tionscal an Aontais tús arís lena tháirgeadh lísín. Chuir an gearánach sonraí táirgeachta isteach lena léirítear méadú suntasach ar tháirgeacht ó mhí Iúil 2024 d'fhonn an acmhainneacht táirgeachta iomlán a bhaint amach in 2026 ([20]).

(169) Mheas an Coimisiún freisin maidir leis na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha, atá socraithe ar leibhéal na dumpála, nach raibh siad róchostasach. Is ar na cúiseanna seo a leanas a mheastar sin: ar an gcéad dul síos, bhí na corrlaigh ghearrdhíola i bhfad os cionn leibhéal na ndleachtanna (féach an Tábla in aithris 204); ar an dara dul síos, ar bhonn na bpraghsanna a chonacthas sa tréimhse faoi bhreathnú, bheadh praghas na n-allmhairí ón tSín (Tábla 4 sa Rialachán sealadach) mar aon leis na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha i raon praghsanna comhchosúil le praghsanna na n-allmhairí ó na tríú tíortha cé is moite den tSín (Tábla 12); ar an tríú dul síos, tá teorainn le tionchar na dleachta ar úsáideoirí, mar a mhínítear i roinn 7.3.2 thíos. Dá bhrí sin, bhí coinne leis go leanfadh allmhairí ón tSín chuig an Aontas ar aghaidh, cé go mbeadh na méideanna níos ísle, toisc go bhfuil siad fós iomaíoch, fiú agus na bearta frithdhumpála i bhfeidhm. Bhí coinne leis go ráthófaí leis na bearta soláthar leanúnach agus méadaitheach ó tháirgeoir an Aontais agus go n-athbhunófaí cothroime iomaíochta gan bac a chur ar allmhairí ón tSín. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún, nuair a athbhunaítear cothroime iomaíochta, go mbeadh na táirgeoirí lísín tríú tír eile nach táirgeoirí de chuid na Síne iad in ann dul in oiriúint do dhálaí an mhargaidh agus na méideanna lísín a allmhairítear chuig an Aontas a mhéadú, más gá. Diúltaítear don argóint.

(170) In éagmais barúlacha eile maidir le leas na n-allmhaireoirí, diúltaíodh do na barúlacha a tugadh maidir le leas na n-allmhaireoirí. Dá bhrí sin, deimhníodh aithrisí 336 go (340) den Rialachán sealadach.

([19]) Feedinfo – Feedinfo – nuacht, praghsáil agus faisnéis eolaíoch le haghaidh tionscal an chothaithe ainmhithe agus an bhia.
([20]) t25.004370.

7.3. **Leas úsáideoirí agus tomhaltóirí**

7.3.1. *Costais mhéadaithe ar tháirgeoirí beatha agus ar fheirmeoirí*

(171) Líomhain Comhlachas Gráin agus Beatha na Danmhairge (DAKOFO) go mbeidh costas bliantúil breise de thart ar DKK 230 milliún (EUR 30,8 milliún) ar tháirgeoirí beatha na Danmhairge mar thoradh ar na dleachtanna frithdhumpála atá beartaithe agus go gcuirfear na costais sin ar aghaidh chuig feirmeoirí beostoic ar deireadh, rud a laghdóidh a n-iomaíochas domhanda agus a mhéadóidh costais táirgthe bia sa Danmhairg agus san Aontas.

(172) D'áitigh DAKOFO ar an gCoimisiún bearta malartacha a mheas lena dtugtar aghaidh ar ábhair imní gan dochar a dhéanamh d'iomaíochas tháirgeoirí beatha agus beostoic an Aontais, amhail infheistíocht in acmhainneacht táirgeachta lísín bhreise laistigh den Eoraip a éascú, spleáchas ar allmhairí a laghdú trí bhearta faoi thionchar an mhargaidh seachas trí bhearta caomhnaitheacha, agus próisis formheasa le haghaidh comhábhair bheatha mhalartacha a chuíchóiriú agus a áirithiú go mbeidh rochtain ag táirgeoirí beatha Eorpacha ar amhábhair ar phraghsanna iomaíocha domhanda.

(173) Líomhain Barentz agus CESFAC go mbeidh tionchar diúltach ag glacadh na mbeart frithdhumpála ar leas an Aontais toisc gur mhó an tionchar diúltach ar shlabhra luacha iomlán lísín san Aontas ná leasanna an ghearánaigh, agus dá bhforchuirfí bearta frithdhumpála chruthófaí méadú nach beag ar chostas beatha ainmhithe agus lagófaí an iomaíocht ar mhargadh an Aontais. D'áitigh CESFAC freisin go ngineann tionscal na n-úsáideoirí iartheachtacha corrlaigh bhrabúis bheaga agus gur thart ar 65 % de na costais a bhaineann le táirgí muiceola agus éineola a tháirgeadh atá i mbeatha ainmhithe.

(174) D'áitigh Barentz go mbeidh costais níos airde ar fheirmeoirí, costais a bheidh orthu a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí mar gheall ar chorrlaigh bhrabúis an-íseal. Bhí imní ar Barentz, agus bearta i bhfeidhm, nach mbeidh feirmeoirí chomh hiomaíoch céanna i gcomparáid le táirgeoirí beostoic ó thríú tíortha nach bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar chostais lísín mhéadaithe agus go bhféadfaidís fiú tairbhe a bhaint as praghas lísín níos ísle toisc go bhféadfadh onnmhaireoirí na Síne a méideanna lísín a atreorú chuig tríú tíortha.

(175) I ndáil le barúlacha DAKOFO agus Barentz maidir le tionchar na dleachta ar staid airgeadais na bhfeirmeoirí, thug an Coimisiún dá aire nach raibh bunús leis na maímh sin. In aon chás, mheas an Coimisiún nár ghá go mbeadh costas breise ar na feirmeoirí mar thoradh ar chostas breise is lú ná 1 % ar tháirgeadh beatha ainmhithe do tháirgeoirí beatha ainmhithe (féach aithris 179 thíos), ag brath ar an méid is féidir leis na tairgeoirí beatha ainmhithe a gcostais a chur ar aghaidh chuig na feirmeoirí. Mar thoradh ar an méadú breise ar chostais in aon chás, tháinig méadú costais i bhfad níos lú ar mhuiceoil agus ar éineoil, ós rud é go bhfuil beatha ainmhithe tábhachtach ach nach é an t-aon ghné amháin de na costais phórúcháin é. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(176) Thug an Coimisiún aghaidh ar bharúlacha eile DAKOFO, CESFAC agus Barentz faoi roinn 7.3.2.

7.3.2. *Measúnú tionchair arna chur isteach ag FEFAC*

(177) Chuir Cónaidhm Mhonaróirí Beatha na hEorpa (FEFAC) measúnú tionchair isteach ar na dleachtanna frithdhumpála sealadacha le haghaidh allmhairí lísín ón tSín. Bhí an staidéar bunaithe ar ionsamhlúcháin a rinneadh i seacht réigiún de chuid an Aontais (lena gcumhdaítear 25 Bhallstát) agus rinneadh iniúchadh ann ar chásanna éagsúla maidir le méadú ar phraghsanna lísín mar thoradh ar thabhairt isteach na mbeart frithdhumpála i gcoinne bonnlíne a chomhfhreagraíonn do mheánphraghas sulfáite lísín agus lísín HCl i gcaitheamh na tréimhse ó mhí Eanáir 2023 go mí an Mhárta 2024. Tháinig FEFAC ar an gconclúid go dtiocfadh méadú féideartha ar chostais táirgthe beatha tionsclaíche do mhuca agus d'éanlaith chlóis sa raon 1,11 %-1,51 % ar leibhéal comhcheangailte an Aontais, rud a d'fhágfadh go mbeadh costais táirgthe mhéadaithe idir EUR 300 milliún agus EUR 400 milliún ar bheatha thionsclaíoch do mhuca agus d'éanlaith chlóis ag brath ar na cásanna, agus meastachán ar chostas breise idir EUR 100 milliún agus EUR 140 milliún le haghaidh meascadh baile. Maidir le tomhaltas mine pónairí soighe, mheas FEFAC go bhféadfadh méadú teacht ar an éileamh idir 450 000 agus 600 000 tona.

(178) Maidir le measúnú tionchair FEFAC, shainaithin an Coimisiún roinnt lochtanna ábhartha, go háirithe maidir le ríomh na bpraghsanna CAL lena ndearnadh rómheastachán ar thionchar na ndleachtanna mar a bunaíodh go sealadach iad. Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh cásanna FEFAC bunaithe ar na leibhéil dleachta sa Rialachán sealadach, a bhí i bhfad níos airde ná na leibhéil dleachta a bunaíodh ar deireadh.

(179) I bhfianaise na leibhéal dleachta athbhreithnithe, rinne an Coimisiún measúnú ar a dtionchar ar bhonn an fhreagra fhíoraithe ar an gceistneoir ón aon úsáideoir comhoibríoch amháin Vall Companys, ar táirgeoir tábhachtach beatha ainmhithe agus táirgí feola é. Chuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha i bhfeidhm maidir lena gceannacháin lísín sa tréimhse imscrúdúcháin agus shuigh sé go dtiocfadh méadú is lú ná 1 % ar sciar costais an lísín ina gcostais táirgthe táirgí beatha ainmhithe. Glactar leis sa chás is measa go bhfanfaidh gach imthoisc eile (foinsí ceannaigh, praghsanna ceannaigh glan ó dhleachtanna, foirmlí beatha) mar a chéile, rud nach dócha toisc gur féidir coinne a bheith leis go n-oiriúnóidh oibreoirí eacnamaíocha d'imthosca athraithe agus, mar thoradh air sin, go laghdóidh siad a gcostais trí cheannach ó fhoinsí níos saoire (e.g. tríú tíortha eile cé is moite den tSín), trí cheannach ó fhoinsí gan dleachtanna frithdhumpála, nó tríd an bhfoirmle bheatha a athrú le haghaidh cion lísín níos ísle. Mheas an Coimisiún i measc nithe eile go bhféadfadh na húsáideoirí aistriú chuig soláthróirí lísín níos saoire (bíodh siad faoi réir dleachtanna frithdhumpála nó ná bíodh) nó a n-oidis foirmle beatha a choigeartú le haghaidh cion níos ísle lísín.

(180) Ar an mbonn sin, d'áitigh an Coimisiún go bhfuil tionchar an-teoranta ag na beart ar tháirgeoirí beatha ainmhithe.

(181) Tar éis an nochta deiridh, líomhain FEFAC, ó tionscnaíodh an t-imscrúdú, gur tháinig méadú 47 % ar luachan praghsanna lísín, rud a mbeadh tionchar breise aige ar úsáideoirí lísín (EUR 220-240 milliún measta do thionscail bheatha agus EUR 300 milliún le haghaidh meascadh baile) ná mar a ríomhadh i measúnú tionchair tosaigh FEFAC.

(182) Thug an Coimisiún dá aire in aithris 214 thíos, ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin Eurostat, gur tháinig méadú ar phraghsanna allmhairí ón tSín tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, agus go raibh siad 9 %-15 % os cionn na meánphraghsanna sa tréimhse imscrúdúcháin, ní 47 %. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris 179 thuas go dtiocfadh méadú is lú ná 1 % ar sciar costais lísín ina chostais táirgthe táirgí beatha ainmhithe. Fiú agus méadú 9 %-15 % ar phraghsanna lísín, tá an tionchar costais ar bheatha ainmhithe fós faoi bhun 1 %. Diúltaíodh don mhaíomh.

(183) D'áitigh CESFAC agus Vall Companys gurbh ionann méadú costais is lú ná 1 % ar bheatha ainmhithe agus thart ar EUR 220 milliún do tháirgeoirí beatha ainmhithe uile an Aontais, agus mheas siad go raibh an costas breise tábhachtach i bhfianaise na mbrabús íseal a bhíonn ag táirgeoirí beatha ainmhithe agus táirgeoirí feola.

(184) Chuir an Coimisiún suntais sna hargóintí a rinne CESFAC agus d'áitigh sé go ndearna an Coimisiún anailís chúramach ar thionchar an chostais bhreise, agus ar an bhféidearthacht go ndéanfadh úsáideoirí lísín an costas breise sin a ionsú nó a chur ar aghaidh. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris 179 thuas gur féidir leis na tionscail iartheachtacha méadú costais is lú ná 1 % ar bheatha ainmhithe a ionsú, nó a chur ar aghaidh.

7.4. **Tosca eile**

7.4.1. *Ábhair imní maidir leis an gcomhshaol*

(185) Líomhain Barentz agus FEFAC gurb é an phríomhrogha chun lísín a ionadú mar bhreiseán beathaithe foinsí amhábhair amhphróitéine amhail pónaire shoighe a úsáid agus, leis na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm, tiocfaidh méadú ar thomhaltas pónaire soighe i mbeatha ainmhithe. Is réiteach nach bhfuil chomh costéifeachtúil é pónaire shoighe le haghaidh táirgeadh beatha ainmhithe a thugann éifeacht dhiúltach don chomhshaol, ós rud é go bhfuil baint ag táirgeadh soighe le dífhoraoisiú i dtríú tíortha agus go gcuirfeadh úsáid pónaire soighe i mbeatha ainmhithe le hastaíochtaí méadaithe meatáin, ocsaíde nítriúla agus dé-ocsaíde carbóin san Aontas. Mheas FEFAC ina mheasúnú tionchair go raibh méadú 3 % ar úsáid mine soighe, rud a fhágann gurb ionann sin agus figiúr 500 000 tona d'éileamh níos airde ar mhine soighe ar ghá í a allmhairiú ó thríú tíortha. D'athdhearbhaigh DAKOFO na hiarmhairtí diúltacha comhshaoil agus eacnamaíocha agus d'áitigh sé, chun na praghsanna níos airde ar lísín a chúiteamh, gur féidir le táirgeoirí beatha na Danmhairge foirmlithe beatha a choigeartú, rud a d'fhágfadh go mbeadh éileamh bliantúil méadaithe thart ar 20 000-40 000 tonna ar allmhairí pónaire soighe in aghaidh na bliana, agus d'fhágfadh sin go gcaillfeadh táirgeoirí beatha na Danmhairge EUR 1-2 mhilliún.

(186) Maidir leis na hábhair imní a bhaineann leis an gcomhshaol, chuir an gearánach i dtábhacht go bhfuil lorg carbóin an lísín a tháirgtear san Aontas cúig oiread níos ísle ná lorg carbóin an lísín a tháirgtear sa tSín, agus trí oiread níos ísle ná an lísín a tháirgtear i dtríú tíortha cé is moite den tSín. Dá bhrí sin, d'áitigh sé go bhfuil allmhairiú leanúnach lísín na Síne ag cur le saincheist an sceite carbóin, agus ag baint an bhoinn den Chomhaontú Glas agus d'uaillmhianta comhshaoil eile de chuid an Aontais.

(187) Rinne an Coimisiún anailís ar na maímh maidir le tionchar diúltach ar an gcomhshaol agus thug sé dá aire nach raibh comhghaol cuí sa mheasúnú tionchair idir praghas méadaithe lísín agus céatadán na méideanna beatha a d'athrófaí go pónaire shoighe mar fhoinse amhlísín. Cé gur sainaithníodh i gceart sa mheasúnú tionchair gur féidir pónaire shoighe a úsáid sa bheatha ainmhithe in ionad lísín, theip air torthaí cinntitheacha a sholáthar maidir leis na méideanna allmhairithe méadaithe ar bhonn roinnt toimhdí míchearta sa mheasúnú tionchair. Thairis sin, fiú dá dtiocfadh méadú ar allmhairí mine pónairí soighe san Aontas, bheadh na hallmhairí sin faoi réir rialachán an Aontais maidir le táirgí nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu ([21]), lena dtabharfaí aghaidh ar aon ábhar imní de chineál comhshaoil. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(188) Tar éis an nochta deiridh, líomhain CESFAC agus Vall Companys nach ndearna an Coimisiún measúnú ar shlándáil an tsoláthair min pónairí soighe maidir le taraifí na Stát Aontaithe agus frithbhearta ina dhiaidh sin ó thríú tíortha. D'áitigh CESFAC agus Vall Companys maidir le taraifí SAM ar allmhairí ón tSín agus na frithbhearta a ghlac an tSín ina dhiaidh sin gurbh é gur chuir siad isteach ar shreafaí trádála domhanda na bpónairí soighe. Mhaígh CESFAC agus Vall Companys go dtiocfadh méadú amach anseo ar allmhairí phónaire soighe na Brasaíle go dtí an tSín, rud a dhéanfadh dochar d'allmhairí phónaire soighe na Stát Aontaithe go dtí an tSín, agus bheadh sé sin ina iomaíocht dhíreach le hallmhairí pónairí soighe na Brasaíle chuig an Aontas. Ina theannta sin, bhí coinne ag Cuideachtaí CESFAC agus Vall Companys go dtiocfadh méadú ar phraghas an phónaire soighe mar gheall ar ghanntanais a d'fhéadfadh a bheith ann ar mhargadh an Aontais, arb iad allmhairí pónairí soighe chuig an tSín is cúis leo, agus Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú.

(189) Thug an Coimisiún dá aire go raibh taraifí na Stát Aontaithe agus na bearta díoltais ina dhiaidh sin ag síorathrú ó thús 2025 agus, dá bhrí sin, go raibh sé deacair an tionchar ar allmhairí pónairí soighe chuig an Aontas a dheimhniú. Maidir le hallmhairí pónairí soighe ón mBrasaíl, thug an Coimisiún dá aire go laghdódh comhaontú trádála AE-Mercosur taraifí onnmhairiúcháin a d'fhorchuir Mercosur ar onnmhairí táirgí pónairí soighe chuig an Aontas, atá ar cheann de na príomhábhair i mbeatha do bheostoc san Aontas. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur aithin CESFAC agus Vall Companys go mbíonn tionchar ag luaineacht praghsanna ar allmhairí pónairí soighe chomh maith. Níor bhréagnaigh an dearbhú sin 'prionsabal an fhoirmlithe ar an gcostas is lú'. Os a choinne sin, agus praghas méadaithe ar phónaire soighe, tá an dochúlacht ann go roghnóidh na táirgeoirí beatha ainmhithe lísín.

7.4.2. *Idirmhalartacht foirmeacha éagsúla lísín d'úsáideoirí*

(190) Líomhain FEFAC nach bhfuil táirgeoirí beatha cumaisc uile an Aontais feistithe chun lísín leachtach a phróiseáil agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá fós le hallmhairí lísín HCl agus sulfáite lísín ón tSín. Ar an gcaoi chéanna, mhaígh CESFAC nach bhfuil foirmeacha soladacha lísín i bhfoirmeacha púdair agus leachtacha lísín inmhalartaithe le haghaidh úsáideoirí ó thaobh na praiticiúlachta nó na teicneolaíochta de agus go ndéanfadh forchur beart frithdhumpála difear díréireach do tháirgeoirí beatha beaga agus meánmhéide, do réamh-mheascáin agus do tháirgeoirí beatha ar an bhfeirm a bhíonn ag brath ar fhoirmeacha soladacha lísín arna dtáirgeadh ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne agus nach féidir leo aistriú chuig foirmeacha leachtacha lísín.

(191) Líomhain an gearánach go raibh tomhaltas lísín leachtach sa Spáinn i bhfad níos airde le blianta beaga anuas, rud a thugann le fios nach bhfuil custaiméirí teoranta do lísín HCl agus sulfáit lísín. Mhaígh an gearánach go bhfuil cuideachtaí beatha de chuid na Spáinne in ann cainníochtaí i bhfad níos airde de lísín leachtach a ídiú gan gá le hinfheistiú i dtrealamh nua agus go ndeimhnítear leis an méadú ar thomhaltas lísín leachtach idir 2023 agus 2024, le héifeacht dhearfach an imscrúdaithe frithdhumpála, go bhfuil soláthróirí lísín neamh-Shíneacha ag teacht ar ais chuig margadh an Aontais cheana féin ó cuireadh tús leis an imscrúdú, agus leanfaidh siad ar aghaidh má fhorchuirtear bearta go cinntitheach.

(192) Maidir leis an bhféidearthacht go n-athródh úsáideoirí, más gá, ó thirim go leacht nó a mhalairt, chinn an Coimisiún go léiríonn sonraí ó FeedInfo go raibh tomhaltas lísín leachtach i bhfad níos airde in 2021 ná sna blianta ina dhiaidh sin ([22]). Ós rud é nach n-onnmhairíonn an tSín lísín leachtach chuig an Aontas, is féidir an fhorbairt sin a chur i leith chaillteanas cainníochtaí agus sciar den mhargadh atá ag tríú tíortha cé is moite den tSín agus ag tionscal an Aontais.

([21]) Tháinig Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 206, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1115/oj) i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2023. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le hoibreoirí agus trádálaithe meánmhéide agus móra ón 30 Nollaig 2025 ar aghaidh, agus maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga ón 30 Meitheamh 2026 ar aghaidh.

([22]) Tomhaltas míosúil lísín leachtaigh sa Spáinn (i dtonaí de choibhéis lísín HCl) arna sholáthar ag an ngearánach ar bhonn staitisticí onnmhairiúcháin agus ar dhíolacháin Eurolysine:
- 2021: 4 500-6 500 tona;
- 2022: 4 000-6 000 tona;
- 2023: 2 500-4 500 tona;
- 2024: 3 500-5 500 tona.

Taispeánann Feedinfo freisin méadú ar thomhaltas lísín leachtach idir 2023 agus 2024, rud a thugann le fios go bhfuil roinnt úsáideoirí in ann athrú cheana féin idir lísín tirim agus leachtach. Thairis sin, chuir an gearánach sonraí isteach ó fhaisnéis mhargaidh speisialaithe lena gcruthaítear gur tháinig méadú nach beag ar allmhairí lísín HCl ó thríú tíortha cé is moite den tSín in 2024 (ó 207 dtona in R1 go 3 262 thona in R4), tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, cé nár onnmhairigh na tríú tíortha nach de chuid na Síne iad aon lísín HCl le linn na tréimhse faoi bhreathnú ([23]). Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go leanfaidh na táirgeoirí beatha ainmhithe den dá rogha de lísín tirim agus leachtach a bheith acu fiú le laghdú ar allmhairí ón tSín.

(193) Ar an dara dul síos, thug an Coimisiún dá aire nach raibh baint ag an gcúis gurbh é lísín leachtach an cineál táirge ba thábhachtaí a allmhairíodh san Aontas ó thíortha eile cé is moite den tSín sa tréimhse faoi bhreathnú le neamhchumas táirgeoirí tríú tír lísín HCl nó sulfáit lísín a tháirgeadh nó a dhíol, ach mar gheall ar allmhairí ollmhóra lísín HCl agus sulfáite lísín ón tSín a bheith ar an margadh, rud a d'fhág go raibh ísliú praghsanna ann. Agus bearta á bhforchur, beidh sé tarraingteach arís do tháirgeoirí tríú tír táirgí seachas lísín leachtach a dhíol san Aontas. I modh monaraíochta caighdeánach, faigheann na táirgeoirí lísín lísín leachtach ar dtús, a athraítear ina dhiaidh sin ina lísín HCl nó ina sulfáit lísín le trealamh triomaithe. Dá bhrí sin, is próiseas simplí é do na táirgeoirí lísín lísín leachtach a athrú chuig foirm phúdraithe lísín. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint.

(194) In éagmais barúlacha eile maidir le leas úsáideoirí, deimhníodh na conclúidí in aithrisí 341 go 347 den Rialachán sealadach.

7.4.3. *Leas straitéiseach an Aontais*

(195) Cheistigh CESFAC agus Vall Companys an dtiocfaidh méadú ar mhéideanna díolacháin Eurolysine ar mhargadh an Aontais tar éis chur chun feidhme na mbeart frithdhumpála. Chuir CESFAC agus Vall Companys imní in iúl go ndíolfaidh Eurolysine, tar éis do Ghrúpa Avril é a fháil, méideanna móra lísín le haghaidh úsáid faoi chuing chun tacú le gnólacht beatha ainmhithe Avril féin, Sanders, agus nach ndíolfaidh sé soláthar lísín lena iomaitheoirí san earnáil beatha ainmhithe.

(196) Dhiúltaigh an gearánach go bhfuil aon riosca ann go mbeadh aon fhoriamh ar sholáthar lísín ar mhargadh an Aontais mar thoradh ar tháthcheangal Eurolysine ag Groupe Avril. Chuir sé i dtábhacht go bhfuil Eurolysine fós ina aonad gnó neamhspleách laistigh de Groupe Avril, nach cuideachta beatha é atá comhtháite go hingearach agus, dá bhrí sin, ó thaobh Eurolysine de, gur custaiméir ionchasach é Sanders amhail Vall Companys agus aon cheann eile. Thug sé faoi deara freisin nach bhfuil Sanders, ina theannta sin, ag ceannach méideanna móra lísín. Ba dhíol sásaimh don Choimisiún dearbhú an ghearánaigh nach bhforchoimeádfar lísín de chuid thionscal an Aontais le haghaidh úsáid faoi chuing agus dhiúltaigh sé don mhaíomh ar an mbonn sin.

(197) Mhaígh CESAC go léirítear le hathnuachan na dtaraif-chuótaí uathrialaitheacha saor ó dhleacht le haghaidh allmhairí lísín HCl agus lísín leachtaigh (cuóta taraife 0925 63), agus allmhairí sulfáite lísín (cuóta taraife 0929 25) ag an gComhairle ([24]) go leanann Eurolysine de chainníochtaí neamhleora lísín a tháirgeadh chun soláthar a dhéanamh d'úsáideoirí an Aontais, go leanann úsáideoirí an Aontais a tháirgeann beatha ainmhithe agus cógaisíocht de bheith ag brath ar allmhairí lísín, agus go leanann sé de bheith chun leas an Aontais soláthar leordhóthanach lísín a áirithiú, agus aon suaitheadh sa mhargadh a sheachaint. Líomhain CESFAC go bhfuil na dleachtanna frithdhumpála sealadacha i gcoinbhleacht leis na taraif-chuótaí uathrialaitheacha saor ó dhleacht, agus dá bhrí sin, go bhfuil siad chun leasa an Aontais.

(198) Thug an Coimisiún dá aire go ndéanann an Chomhairle athbhreithniú tréimhsiúil ar na cuótaí reatha chun a áirithiú nach mbeidh siad ag teacht salach ar aon bheartas eile de chuid an Aontais. Ós rud é go raibh an t-imscrúdú ar siúl tráth a formheasadh na taraif-chuótaí uathrialaitheacha saor ó dhleacht agus nár baineadh na cinntí cinntitheacha amach go fóill, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil na dleachtanna frithdhumpála sealadacha i gcoinbhleacht leis na taraif-chuótaí uathrialaitheacha saor ó dhleacht le haghaidh lísín.

([23]) t25.003212.

([24]) Rialachán (AE) 2024/3213 ón gComhairle an 16 Nollaig 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin (IO L, 2024/3213, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3213/oj).

(199) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire an ráiteas comhpháirteach ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón Iodáil, ón Ísiltír, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón Spáinn agus ón bhFrainc maidir le tionscal ceimiceán na hEorpa ([25]) inar iarradh Gníomh an Aontais um Cheimiceáin Chriticiúla ag an gComhairle Iomaíochais an 12 Márta 2025 ([26]), ina n-aicmeofaí lísín i measc na gceimiceán criticiúil. Ós rud é go luann ocht mBallstát lísín go díreach mar cheimiceán criticiúil chun go gcosnódh an tAontas é, rinne an Coimisiún a seasamh a ualú sa mheasúnú ar leas an Aontais. Mheas an Coimisiún freisin, i bhfianaise rótháirgeadh nach beag sa tSín, go rannchuidíonn táirgeadh lísín an Aontais a choinneáil ar bun le slándáil eacnamaíoch an Aontais. Diúltaíodh don argóint go bhfuil dleachtanna frithdhumpála ag teacht salach ar na taraif-chuótaí uathrialaitheacha saor ó dhleacht.

7.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais.**

(200) In éagmais barúlacha eile maidir le leas an Aontais, deimhníodh aithris 348 den Rialachán sealadach.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(201) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(202) Tar éis an nochta deiridh, líomhain Eppen, mar gheall ar an bhfoinse theoranta soláthair agus go háirithe an soláthar neamhleor ó thionscal an Aontais, go mbeidh ar úsáideoirí an Aontais leanúint de lísín a allmhairiú ón tSín agus an dleacht frithdhumpála a íoc, rud a fhágfaidh go mbeidh costais mhéadaithe ann do tháirgeoirí beatha ainmhithe agus d'fheirmeoirí. D'áitigh Eppen go mbeadh Ísosphraghas Allmhairiúcháin, nó dleachtanna seasta in aghaidh an tona, ina gcineáil níos iomchuí de na bearta frithdhumpála.

(203) Ní raibh bunús leis an maíomh agus níor mhínigh Eppen cén fáth a mbeadh dleacht sheasta níos iomchuí. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún i dtábhacht nach dóigh go mbeidh dleachtanna seasta ina leigheas éifeachtach ar earraí atá faoi réir athruithe móra ar phraghsanna le himeacht ama. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(204) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Meihua Group: — Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd — Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd	47,7	158,9	47,7
Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd	58,2	155,9	58,2
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	53,1	157,5	53,1
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	58,2	158,9	58,2

([25]) Joint statement of Czech Republic, Hungary, Italy, Netherlands, Romania, Slovakia, Spain and France about the European chemicals industry - Presse - Ministère des Finances [Ráiteas comhpháirteach ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón Iodáil, ón Ísiltír, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón Spáinn agus ón bhFrainc maidir le tionscal Eorpach na gceimiceán].

([26]) https://www.consilium.europa.eu/ga/meetings/compet/2025/03/12/. Agus nóta faisnéise gaolmhar maidir le staid scáfar thionscal ceimiceán na hEorpa, earnáil straitéiseach a bhfuil Gníomh tiomnaithe de chuid an Aontais um Cheimiceáin Chriticiúla de dhíth ina leith (https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6901-2025-INIT/x/pdf).

(205) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Dá bhrí sin, tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(206) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([27]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(207) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a thaispeántar sonrasc tráchtála bailí d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(208) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(209) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(210) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(211) Táirgeoirí onnmhairiúcháin nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ba cheart dóibh a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí faoi réir an dleachtráta frithdhumpála iad le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin; (ii) níl sé comhlachaithe le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air é sin a dhéanamh i gcainníochtaí substaintiúla.

([27]) Ríomhphost: TRADE-TDI-NAME-CHANGE-REQUESTS@ec.europa.eu; European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi/Wetstraat 170, 1040 Brussel/Bruxelles, BELGIË/BELGIQUE.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(212) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

8.3. **Cúlghabhálacht**

(213) Mar a luaitear i roinn 1.2, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(214) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinneadh na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an chláraithe a mheasúnú. Rinne an Coimisiún anailís lena fháil amach ar comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(215) De bhun Airteagal 10(4)(d) den bun-Rialachán, tá gá le 'ardú suntasach ó thaobh allmhairí a bheith ann, de bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ardú is dócha a bhainfidh an bonn go tromchúiseach d'éifeacht cheartaitheach na dleachta frithdhumpála a bheidh le cur i bhfeidhm, i bhfianaise uainiú, méide agus cúinsí eile a bhaineann leis an ardú suntasach sin'.

(216) I gcás na hanailíse sin, rinne an Coimisiún ar an gcéad dul síos comparáid idir meánmhéideanna allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus na meánmhéideanna míosúla allmhairí le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo go dtí an mhí iomlán dheireanach roimh fhorchur na mbeart sealadach. Shuigh an Coimisiún méadú 32 % ar allmhairí ón tSín. Chomh maith leis sin, nuair a bhí meánmhéid allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin á gcur i gcomparáid leis na meánmhéideanna allmhairí míosúla le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo suas go dtí an mhí inar forchuireadh bearta sealadacha agus an mhí sin san áireamh, thug an Coimisiún dá aire go raibh méadú 43 % in allmhairí ón tSín.

(217) Ó tionscnaíodh an t-imscrúdú seo, áfach, tá méadú tagtha ar phraghsanna allmhairí ón tSín, agus bhí siad 9 %-15 % os cionn na meánphraghsanna sa tréimhse imscrúdúcháin. Níl aon fhaisnéis ag an gCoimisiún sa chomhad go ndéanfaí díobháil bhreise do thionscal an Aontais in ainneoin an mhéadaithe sin ar phraghsanna.

(218) Ar an mbonn sin, agus go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe nach beag ar phraghsanna allmhairí ón tSín ó tionscnaíodh an t-imscrúdú, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár comhlíonadh na coinníollacha mar a leagtar amach in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach na dleachta frithdhumpála cinntithí.

9. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(219) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(220) Níor thug an Coiste a bunaíodh hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim uaidh maidir leis na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo,

([28]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí lísín agus a eistir, a salainn agus breiseáin bheathaithe, arb é atá iontu bunús meáchain thirim cion 68 % nó níos mó, ach nach mó ná 80 %, de shulfáit L-lísín, agus nach mó ná cion 32 % de chomhpháirteanna eile amhail carbaihiodráití agus aimínaigéid eile, a thagann faoi chóid AC ex 2309 90 31, ex 2309 90 96, agus 2922 41 00 faoi láthair (cóid TARIC: 2309 90 31 51, 2309 90 31 59, 2309 90 31 61, 2309 90 31 69, 2309 90 96 51, 2309 90 96 59, 2309 90 96 61, 2309 90 96 69) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Meihua Group: — Jilin Meihua Amino Acid Co., Ltd — Xinjiang Meihua Amino Acid Co., Ltd	47,7	89IE
Heilongjiang Eppen Biotech Co., Ltd	58,2	89IF
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	53,1	
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	58,2	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí)) lísín a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa tSín. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo*.' Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/74, déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar an dleacht frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

Airteagal 3

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir mheánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (1 Eanáir 2023 go dtí 31 Nollaig 2023);

(b) nach bhfuil sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) gur onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann, sin nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha i nDaon-Phoblacht na Síne nach ndearnadh sampláil orthu

Ainm	Cód breise TARIC
Anhui BBCA Biochemical Co., Ltd.	89IG
CJ (Liaocheng) Biotech Co., Ltd.	89IH
Dongxiao Biotechnology Co., Ltd.	89IJ
Qiqihar Longjiang Fufeng Biotechnologies Co., Ltd.	89IK